AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY
Irish Naturalisation and Immigration Service

# Doiciméad Beartais maidir le hAthaontú Teaghlaigh Neamh-LEE

Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Nollaig 2016

## *Clár Ábhar*


*Achoimre Fheidhmeach ........ 4*

*Cuid 1 – Treoshuíomh Ginearálta*

*1. Réamhrá ........ 11*
*2. Cearta a Chothromú ........ 16*
*3. Roghanna Beartais an Rialtais ........ 18*

*Cuid 2 – An Beartas maidir le hAthaontú Teaghlaigh*

*A. Príomh-shaincheisteanna beartais*
*4. Cad is Teaghlach ann? ........ 19*
*5. Athaontú Teaghlaigh Difreáilte ........ 22*
*6. An tAonad Teaghlaigh a Athbhunú ........ 24*
*7. An tSlándáil Phoiblí, an Beartas Poiblí agus an tSláinte Phoiblí ........ 25*
*8. An Tionchar Eacnamaíoch ........ 27*
*9. Ceanglais Lánpháirtíochta ........ 29*
*10. Réamh-imréiteach ........ 30*
*11. Próiseáil agus Táillí ........ 32*

*B. Treoirlínte Mionsonraithe*
*12 Urraitheoir Cáilithe ........ 33*
*13 Duine den Teaghlach ........ 36*
*14. Cleithiúnas ........ 39*
*15. Ceanglas incháilitheachta ar Chéile, ar Pháirtnéir Sibhialta nó ar Pháirtnéir De Facto 41*
*16. Ceanglais chónaitheachta ar náisiúnach neamh-LEE chun daoine den teaghlach a urrú ........ 44*
*17. Acmhainní airgeadais le haghaidh athaontú teaghlaigh (daoine den teaghlach núicléach agus páirtnéirí de facto) ........ 47*
*18 Tuismitheoirí Cleithiúnacha Scothaosta ........ 50*
*19 Leanaí is Saoránaigh Éireannacha – Iarratais ar Imirce Tuismitheora ........ 54*
*20 Iarratais iolracha ar athaontú céile/polagamas ........ 57*
*21 An Próiseas Cinnteoireachta ........ 59*
*22 Coinníollacha agus Teidil ........ 62*
*23 Athrú ar Imthosca/Coinneáil Stádais ........ 63*
*24 Forálacha Ginearálta ........ 66*
*25 Cur Chun Feidhme ........ 68*
*Aguisín A ........ 69*
*Aguisín B ........ 70*

# Achoimre Fheidhmeach

Is é cuspóir an doiciméid seo ráiteas cuimsitheach a leagan amach maidir le beartas náisiúnta inimirce na hÉireann i réimse an athaontaithe teaghlaigh. Aithnítear go bhfuil gá le treoirlínte níos cuimsithí agus níos trédhearcaí chun cabhrú le hiarratasóirí agus le cinnteoirí sa réimse sin. Is ar bhealach comhchuibhithe a bheidh feidhm ag na beartais atá leagtha amach sa doiciméad seo maidir leis an gcinnteoireacht ar fad sa chóras inimirce i ndáil le cásanna athaontaithe teaghlaigh, áit a gcuirtear iarratais ar víosaí agus na próisis éagsúla um chead fanachta araon ar áireamh. Leagtar amach sa doiciméad freisin roinnt athruithe riaracháin atá molta.

Foilsíodh an doiciméad i mí na Nollag 2013 agus nuashonraíodh é i mí na Nollag 2016 chun forbairtí fíorasacha, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, a chur san áireamh. Is mar a leagadh amach é i mí na Nollag 2013 atá an beartas bunúsach fós.

Ní chruthaítear ná ní admhaítear leis na treoirlínte aon chearta nua maidir le hathaontú teaghlaigh. Tá feidhm ag lánrogha an Aire maidir leis an gcuid is mó den chinnteoireacht i réimse an athaontaithe teaghlaigh, agus leanfaidh sé sin de bheith amhlaidh. An rud atá i gceist leis den chuid is ea tuilleadh mionsonraí a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe an lánrogha sin a úsáid. Níl feidhm ag na treoirlínte ach amháin sa réimse ina bhfuil lánrogha an Aire ar bun fós. Ar an gcúis sin, eisiatar cásanna den chineál seo a leanas, áit a mbíonn cearta athaontaithe ina gcearta uathoibríocha go bunúsach a luaithe a chomhlíontar coinníollacha áirithe.

- Éilimh ar theideal chun cónaithe mar dhuine den teaghlach le náisiúnaigh AE atá ag feidhmiú cearta saorghluaiseachta (pléitear leo sin faoin Treoir maidir le Saorghluaiseacht agus faoi na Rialacháin a tarraingíodh suas chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha na Treorach)

- Cásanna ina bhfuil an t-urraitheoir ina thairbhí nó ina tairbhí de chosaint idirnáisiúnta in Éirinn agus a dtagann a iarratas nó a hiarratas ar athaontú teaghlaigh faoi raon feidhme Alt 56 nó 57 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.

Ní foláir breathnú ar athaontú teaghlaigh i gcomhthéacs níos leithne beartais phoiblí. Ceart agus freagracht Rialtas tofa an lae is ea rialú inimirce, agus féadfaidh sé beartas inimirce a leagan síos ar mhaithe le leas an phobail. Ní foláir don Stát cothromaíocht chóir a bhaint amach idir leasanna an duine aonair agus leasanna an phobail ina iomláine, ar leasanna iad a bhíonn in iomaíocht le chéile in amanna.

Diúltófar iarratais ar athaontú teaghlaigh i gcás go mbeidh páirtí san iarratas ina bhagairt nó ina bagairt ar an tslándáil phoiblí, ar an mbeartas poiblí nó ar an tsláinte phoiblí. Chomh maith lena chinntiú nach mbeidh aon bhagairt ann ar an mbeartas poiblí, ar an tslándáil phoiblí ná ar an tsláinte phoiblí, ní ceart an t-athaontú teaghlaigh a bheith ina ualach míchuí ar an sparán poiblí.

Dá bhrí sin, is cuid an-riachtanach den bheartas maidir le hathaontú teaghlaigh iad cúinsí eacnamaíocha. Cé nach bhfuil sé beartaithe go dtiocfadh cinntí ar athaontú teaghlaigh chun bheith ina measúnuithe airgeadais agus iontu sin amháin, ní féidir a mheas go bhfuil aon oibleagáid ar an Stát an teaghlach lena mbaineann a fhóirdheonú agus ní foláir a mheas go gcomhlíonann an t-urraitheoir an fhreagracht atá air nó uirthi soláthar a dhéanamh do na daoine dá theaghlach nó dá teaghlach má táthar chun cead a thabhairt dóibh teacht go hÉirinn.

Tá sé beartaithe, áfach, go ndéanfar athaontú teaghlaigh le saoránach Éireannach nó le hearnálacha áirithe daoine neamh-LEE atá ina gcónaí go dleathach a éascú a mhéid is féidir i gcás go gcomhlíonfaidh daoine na critéir atá leagtha amach sa bheartas seo, cé nach foláir, ar ndóigh, gach cás ar leith a bhreithniú ar a fhiúntas féin. Meastar go bhfuil sé ina ní beartais go rannchuidíonn an t-athaontú teaghlaigh le lánpháirtiú náisiúnach eachtrach sa Stát. Chomh maith leis sin, tabharfar aird ar leith ar chásanna ina bhfuil leanbh is saoránach Éireannach ar dhuine de na páirtithe lena mbaineann.

Leagtar amach sa pháipéar conas is ceart don chóras déileáil go ginearálta le hearnálacha áirithe daoine atá ag iarraidh cónaithe in Éirinn bunaithe ar a gcaidreamh le duine éigin eile atá i dteideal a bheith anseo cheana féin. Braithfidh an cinneadh críochnaitheach ar stádas inimirce an duine a bhfuil teideal aige nó aici chun cónaí in Éirinn (an t-urraitheoir) agus ar cé chomh dlúth agus atá an caidreamh leis an duine den teaghlach. Oibreoidh athaontú teaghlaigh ar bhonn difreáilte, a bheidh ag brath ar na tosca sin.

Is ar an iarratasóir agus ar an urraitheoir go hiomlán atá sé cruthúnas a thabhairt maidir le barántúlacht an chaidrimh teaghlaigh, cibé acu is náisiúnach Éireannach nó náisiúnach neamh-LEE an duine sin.

Agus athaontú teaghlaigh á éascú, ní foláir aird chuí a thabhairt freisin ar na cinntí a rinne an teaghlach féin. Más rud é gur roghnaigh an teaghlach scaradh óna chéile ar feadh roinnt mhaith blianta, ní luíonn sé le réasún go bhfuil oibleagáid ar Stát na hÉireann athbhunú an teaghlaigh in Éirinn a éascú.

Cé nach moltar sa doiciméad seo aon cheanglais nua ná láithreacha i réimse na lánpháirtíochta (e.g., inniúlacht teanga nó eolas ar shochaí na hÉireann), moltar go ndéanfaí tuilleadh staidéir ar an tsaincheist sin ar bhonn cothrománach le haghaidh gach aicme imirce dlíthiúla, agus díriú á leagan ar nithe eile atá de bhreis ar an athaontú teaghlaigh.

Moltar freisin go nglacfaí cur chuige comhdhlúite i leith cásanna athaontaithe teaghlaigh a phróiseáil laistigh de Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann. I láthair na huaire, ní ann d'aon saoráid réamh-imréitigh le haghaidh iarratais ó dhaoine nach dteastaíonn víosa uathu chun taisteal go hÉirinn. I gcásanna den sórt sin, tagann an duine go hÉirinn agus déanann sé nó sí iarratas ansin. Ní staid inmhianaithe í sin agus tá sé beartaithe le himeacht ama go ndéileálfar le gach iarratas nua ar athaontú teaghlaigh trí bhíthin iarratas ón gcoigríoch. Beidh foirm iarratais chaighdeánach agus táille chaighdeánach (atá le cinneadh fós) ann. Moltar freisin go mbunófaí sainaonad lárnach um shocrú teaghlaigh a n-atreorófaí gach iarratas ar athaontú chuige. Leanfaí de dhéileáil le víosaí gearrfhanachta chun críche cuairteanna teaghlaigh tríd an gcóras víosaí.

Leagtar amach sa doiciméad na hearnálacha daoine a fhéadfaidh a bheith ina n-urraitheoir chun críocha iarratas ar athaontú teaghlaigh. I ngach cás eile, ceanglófar ar an iarratasóir iarratas a dhéanamh as a cheart nó a ceart féin in ionad a bheith urraithe ag duine eile.

Chun críocha an doiciméid seo, is iad seo na hearnálacha éagsúla a úsáidtear le haghaidh daoine den teaghlach:

(a) Daoine den neasteaghlach
- Daoine den teaghlach núicléach – Céile agus leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois;
- páirtnéirí de facto (chun críocha an doiciméid seo, is caidreamh de facto é caidreamh comhchónaithe atá cosúil le pósadh arna fhianú go cuí);

(b) Tuismitheoirí;

(c) Daoine eile den teaghlach.

Is ceanglas caighdeánach i ngach cás den sórt sin é gealltanas soiléir ón mbeirt pháirtithe go gcónóidh siad le chéile go buan mar fhear céile agus mar bhean chéile, mar pháirtnéirí sibhialta nó mar pháirtnéirí de facto díreach tar éis thoradh an iarratais atá i gceist nó a luaithe is féidir sna himthosca. Ní foláir do chéilí a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad. Rinneadh breithniú ar thairseach níos airde is ionann agus 21 bhliain d'aois a fhorchur ach cinneadh ina choinne sin. Ní foláir gach pósadh a bheith conraithe go dleathach, ní foláir go ndeachthas isteach iontu go toilteanach, agus ní foláir go raibh an bheirt pháirtithe in ann pósadh ar dháta an phósta. Ní foláir an pósadh a bheith in ann freisin aitheantas a fháil faoi dhlí na hÉireann chun críocha eile lasmuigh den chóras inimirce.

Leagtar amach sa doiciméad freisin conas a thomhaistear cleithiúnas i gcás go dtabharfar é sin ar aird mar thaca le hiarratas ar athaontú teaghlaigh.

Tá cur chuige spriocdhírithe agus cuíchóirithe á chur chun feidhme maidir le ceanglais chónaitheachta d'urraitheoirí neamh-LEE, áit a bhfuil sealbhóirí Ceada Fostaíochta Scileanna Criticiúla acu, fiontraithe agus taighdeoirí i measc na n-earnálacha sin atá in ann iarratas a dhéanamh láithreach ar athaontú teaghlaigh thar ceann na ndaoine dá dteaghlach. Tá tréimhse feithimh 12 mhí i bhfeidhm i gcás

earnálacha áirithe eile.

Agus an chothromaíocht leasanna dá dtagraítear agus na tosca eacnamaíocha nach foláir a chur san áireamh sa chinnteoireacht á léiriú, beidh ar urraitheoirí leibhéil íosta tuillimh a bhaint amach sula mbeidh siad incháilithe chun duine dá dteaghlach a urrú. Socrófar é sin ag figiúr carnach tuillimh chomhláin is ionann agus €40,000 thar 3 bliana i gcás gur saoránach Éireannach an t-urraitheoir agus socrófar é ag leibhéal níos airde i gcás gur náisiúnach neamh-LEE an t-urraitheoir. Ní bheidh íocaíochtaí leasa shóisialaigh ináirithe mar thuilleamh chun na críche sin.

Ardóidh na tairseacha airgeadais go suntasach i gcás gur i ndáil le tuismitheoir scothaosta cleithiúnach a dhéanfar an t-iarratas. Beidh aon stádas inimirce a dheonófar i gcásanna den sórt sin faoi réir coinníollacha dochta atá dírithe ar an sparán poiblí a chosaint. Áireofar leo sin árachas liachta agus ráthaíochtaí airgeadais.

Pléitear sa doiciméad freisin leis an gcás ina ndéantar iarratas ar bhonn an duine a bheith ina thuismitheoir nó ina tuismitheoir le leanbh is saoránach Éireannach. Ní thagann cásanna den sórt sin go docht faoin earnáil arb éard í athaontú teaghlaigh nó socrú teaghlaigh ós rud é nach féidir leis an leanbh a bheith ina urraitheoir nó ina hurraitheoir. Mar sin féin, measadh go raibh sé tábhachtach soláthar a dhéanamh dóibh sa doiciméad. Is léir nach ionann gach cás ar leith, agus ní foláir gach ceann díobh a bhreithniú i bhfianaise na n-imthosca fíorasacha agus i bhfianaise leas an linbh. Cé nach féidir a bheith saintreorach sula mbreithneofar imthosca an cháis, tá sé beartaithe, mar ní beartais ghinearálta, cead inimirce a dheonú i gcás gur féidir leis an tuismitheoir a léiriú go bhfuil páirt ghníomhach agus leanúnach aige nó aici i saol an linbh is saoránach, agus tacaíocht mhothúchánach agus/nó airgeadais iarbhír á tabhairt aige nó aici don leanbh.

I gcásanna ina bhfuil an t-urraitheoir ina thairbhí nó ina tairbhí de chosaint idirnáisiúnta in Éirinn, pléitear le hathaontú teaghlaigh in Ailt 56 agus 57 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, i gcás go mbeidh an duine den teaghlach mar atá mínithe in Alt 56(9) den Acht sin. I gcás nach dtiocfaidh iarratas an urraitheora faoi raon feidhme Alt 56 nó 57, is féidir iarratas a dhéanamh faoin mbeartas seo.

In aon chinneadh a dhéantar chun iarratas a dhiúltú, tabharfar cúiseanna leis. I gcás go ndiúltófar iarratas, féadfaidh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann. Déanfar an t-achomharc a bhreithniú laistigh de pharaiméadair an bheartais atá leagtha amach sa doiciméad seo. Rinneadh foráil maidir le córas achomharc reachtúil a bhunú leis an mBille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010. Tugadh roinnt gnéithe den Bhille sin ar aghaidh ó shin i leith leis an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015. Leis an gClár do Rialtas Comhpháirtíochta (2016), déantar foráil maidir le Bille cuimsitheach um Athchóiriú Inimirce agus Cónaitheachta a thabhairt isteach, ar Bille é a bheidh dírithe ar chóras víosaí agus córas cónaitheachta na hÉireann a nuachóiriú.

Beidh sé de cheart ag daoine den neasteaghlach le saoránaigh Éireannacha ar deonaíodh stádas inimirce dóibh tríd an bpróiseas athaontaithe teaghlaigh obair gan ceadanna fostaíochta agus gnó a bhunú nó a bhainistiú/a oibriú sa Stát. Is ceart go bhfaigheadh siad cead inimirce Stampa 4. Maidir le daoine den neasteaghlach le hurraitheoirí neamh-LEE nó maidir le daoine nach daoine den neasteaghlach le saoránaigh Éireannacha, leanfaidh siad de bheith faoi réir na gceanglas ceada fostaíochta a bhfeidhmíonn an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta iad má dheonaítear cead inimirce dóibh. Beidh siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar stádas inimirce as a gceart féin faoi na cainéil éagsúla atá ar fáil (cead mac léinn, cead oibre, cead gnó, etc.)

Ní dhéantar foráil leis an Acht Inimirce, 2004, maidir le clárú leanaí faoi bhun 16 bliana d’aois, cé go bhfuil sé beartaithe an srian sin a dhíothú. Idir an dá linn, áfach, moltar anois, mar chuid den bheartas maidir le hathaontú teaghlaigh, foráil a dhéanamh maidir le cead sonrach inimirce do leanaí den sórt sin ar bhonn riaracháin. Leis sin, cuirfear ar chumas na leanaí a stair chónaithe phearsanta a bhunú tráth níos luaithe.

Aon teideal chun cónaithe a fhaightear trí athaontú teaghlaigh a fhaightear mar thoradh ar chalaois, ar fhaisnéis bhréagach, ar mhífhaisnéis, nó ar mhí-úsáid ceart (lena n-áirítear trí bhíthin pósadh áise), forghéillfear é agus ní fhéadfar aon tairbhe inimirce a fhabhrú ó am a chaitear in Éirinn ar an mbonn sin.

Sa chás is fearr, is ceart déileáil le hiarratais (ag glacadh leis go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fad curtha isteach) laistigh de 6 mhí nó 12 mhí ón iarratas a dhéanamh, ag brath ar an earnáil.

Beidh feidhm ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh ag na treoirlínte leathana atá leagtha amach sa doiciméad seo, arna athbhreithniú i mí na Nollag 2016, ar treoirlínte iad a fhorlíonfar i gcás gur gá le hábhar níos mionsonraithe ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann.  Cuirfear chun feidhme le himeacht ama na hathruithe riaracháin a mholtar sa doiciméad.

# Cuid 1

# Treoshuíomh Ginearálta

## 1. Réamhrá

1.1 Is é cuspóir an doiciméid seo ráiteas a leagan amach maidir le beartas náisiúnta inimirce na hÉireann i réimse an athaontaithe teaghlaigh. Go háirithe, leagfar amach ann ar bhealach níos trédhearcaí an dóigh a ndéileálfaidh Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann agus an córas inimirce i gcoitinne le cásanna lena mbaineann saincheisteanna athaontaithe teaghlaigh. Tá an doiciméad ina dhá Chuid. I gCuid 1, tugtar an comhthéacs a leagtar an beartas maidir le hathaontú teaghlaigh síos laistigh de. I gCuid 2, tugtar anailís níos mine ar na saincheisteanna beartais aonair atá ag teacht chun cinn agus ansin leagtar síos inti treoirlínte le haghaidh déileáil le cásanna athaontaithe teaghlaigh, lena n-áirítear athruithe eagraíochtúla áirithe.

1.2 Is feiniméan measartha nua in Éirinn í inimirce ar scála suntasach. Idir daonáireamh 2002 agus daonáireamh 2011, tháinig méadú ar chéatadán na ndaoine neamh-Éireannacha a bhí ina gcónaí sa Stát, ó 5.8% go 12%. Cé gur féidir cuid mhór den mhéadú a chur síos d'aontachas 12 Stát breise leis an Aontas Eorpach, tá méadú suntasach tagtha ar an líon daoine ó thríú tíortha le blianta beaga anuas freisin. Faoi mar a tharla i dtíortha eile ar cinn scríbe imirce iad, tagann méadú ar an éileamh ar athaontú teaghlaigh as sin, agus is cinnte go mbeidh cásanna den sórt sin ina gcuid mhór den líon cásanna inimirce. Ar ndóigh, is ní a mbaineann ríthábhacht leis do na himircigh féin é freisin.

1.3 I láthair na huaire, níl aon bheartas scríofa uileghabhálach aonair i bhfeidhm. Ní hé sin le rá nach bhfuil aon bheartas ann, ná nach n-úsáidtear aon bheartas. Ina ionad sin, is amhlaidh nach bhfuil an beartas le fáil i gcód inimirce lárnach ach atá sé le fáil i meascán de threoirlínte, d'ordacháin bheartais agus de ghnéithe de nós agus de chleachtas, agus i bhfasaigh dhlíthiúla agus eile ar fud an chórais inimirce. D'fhéadfadh sé sin bearnaí agus neamhréireanna araon a chruthú. An rud atá ag teastáil, dá bhrí sin, is ea tacar uileghabhálach prionsabal a bhfuil feidhm acu maidir le cásanna athaontaithe teaghlaigh ar fud an chórais inimirce. Mar sin féin, níl sé i gceist go dtiocfadh cinntí ar athaontú teaghlaigh chun bheith ina gcleachtadh maorlathach ina ndéanfaí cinntí go huathoibríoch. Ina ionad sin, leagfar an díriú ar pharaiméadair chomhsheasmhacha níos soiléire a bhunú ar féidir le gach cinnteoir aonair oibriú dá réir, agus iad ag cumhdach víosaí agus na gcúinsí éagsúla "cead fanachta" a dhéantar i gcodanna éagsúla den eagraíocht. Ar ndóigh, ní foláir cinntí a dhéanamh i gcónaí ar bhonn bhreithniú a dhéanamh ar na fíorais iomchuí uile a bhaineann le cás ar leith.

1.4. Ní ghlacann Éire (ná an Ríocht Aontaithe) páirt sa Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hAthaontú Teaghlaigh.[1] Dá bhrí sin, níl san athaontú teaghlaigh ach ní beartais náisiúnta inimirce amháin agus tá sé faoi réir dhlínse Chúirteanna na hÉireann. Mar sin féin, cé go soláthraítear creat coiteann leis an Treoir ón Aontas Eorpach, fágtar lánrogha shuntasach ag córais náisiúnta inimirce fós. Tríd is tríd, cumhdófar leis an mbeartas náisiúnta atá leagtha amach sa doiciméad seo an réimse céanna agus a chumhdaítear san ionstraim ón Aontas Eorpach. Tugadh aird freisin agus an doiciméad seo á ullmhú ar na córais chomparáideacha agus na cleachtais chomparáideacha atá i bhfeidhm i ndlínsí eile dlí choitinn i gcás go bhfuil siad sin ábhartha don staid in Éirinn.

1.5 Tá raon feidhme an doiciméid seo teoranta do chinntí ar athaontú teaghlaigh a dhéantar ar bhonn lánrogha an Aire agus beartas inimirce na hÉireann á fheidhmiú.

[1] Treoir 2003/86/CE ón gComhairle maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh

Ní chumhdófar cásanna ina bhfuil cearta an duine aonair agus na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le hiarratais leagtha amach cheana féin sa reachtaíocht. Is iad seo an dá earnáil atá eisiata ón raon feidhme ar an mbonn sin:

- Éilimh ar theideal chun cónaithe mar dhuine den teaghlach le náisiúnaigh AE atá ag feidhmiú cearta saorghluaiseachta (pléitear leo sin faoin Treoir maidir le Saorghluaiseacht agus faoi na Rialacháin a tarraingíodh suas chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha na Treorach)

- I gcás go mbeidh an t-urraitheoir ina thairbhí nó ina tairbhí de chosaint idirnáisiúnta in Éirinn agus a dtagann a iarratas nó a hiarratas ar athaontú teaghlaigh faoi raon feidhme Alt 56 nó 57 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.

1.6 Ní hé cuspóir an doiciméid srian a chur le lánrogha an Aire, ar lánrogha í a bheidh ann fós, ar ndóigh. Ina ionad sin, is é cuspóir an doiciméid an lánrogha sin a lonnú sa chreat foriomlán ina gcinneann Rialtas tofa an lae an beartas inimirce agus ina leagann sé amach ansin an fheidhm a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeartas sin i gcásanna aonair. Is é sin le rá go bhfeidhmeofar lánrogha an Aire den chuid is mó trí bheartais agus paraiméadair fhoriomlána a leagan síos, agus corrlach breithmheasa á choinneáil go pointe éigin ag cinnteoirí atá ag feidhmiú a mbreithiúnais ghairmiúil thar ceann an Aire.

1.7 Tá sé tábhachtach freisin a chuimhneamh nach foláir breathnú ar athaontú teaghlaigh i gcomhthéacs níos leithne beartais phoiblí, áit a mbíonn leasanna sóisialta, agus leasanna eacnamaíocha go háirithe, in iomaíocht le chéile go minic. Dá bhrí sin, ní fhágann an fíoras go bhféadfadh cónaí le chéile in Éirinn a bheith chun tairbhe do theaghlach a bhfuil daoine neamh-LEE ann gurb é éascú na hiarrata sin an fhreagairt beartais cheart. Agus iarratais ó dhaoine den teaghlach á mbreithniú aici, ní foláir do Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann a shuíomh ó thús, ar ndóigh, an bhfuil fíorchaidreamh teaghlaigh ann. Maidir le leasanna an phobail ina iomláine a chur san áireamh, ní foláir do Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann a chinntiú, a mhéid is féidir, nach mbeidh aon bhagairt ann ar an mbeartas

poiblí, ar an tslándáil phoiblí ná ar an tsláinte phoiblí, nach mbainfear mí-úsáid as socruithe athaontaithe teaghlaigh, agus nach gcuirfear aon ualach míchuí ar cháiníocóirí mar gheall ar dhaoine den teaghlach a bheith ag iarraidh cónaí sa Stát. Tá sé sin de bhreis, i gcásanna aonair, ar a bheith airdeallach faoi gháinneáil nó faoi smuigléireacht, ar a chinntiú go dtabharfar toiliú na bpáirtithe go toilteanach agus, i gcás leanaí, go mbeidh toiliú iomlán tuismitheora ann maidir lena dteacht chun cónaí in Éirinn. Féach Aguisín B.

1.8 Tá sé beartaithe, áfach, go ndéanfar athaontú teaghlaigh le saoránach Éireannach nó le hearnálacha áirithe daoine neamh-LEE atá ina gcónaí go dleathach a éascú a mhéid is féidir i gcás go gcomhlíonfaidh daoine na critéir atá leagtha amach sa bheartas seo. Meastar go bhfuil sé ina ní beartais go rannchuidíonn an t-athaontú teaghlaigh le lánpháirtiú náisiúnach eachtrach sa Stát. Chomh maith leis sin, tabharfar aird ar leith ar chásanna ina bhfuil leanbh is saoránach Éireannach ar dhuine de na páirtithe lena mbaineann.

1.9 Is ceart a chuimhneamh nach é an cainéal athaontaithe teaghlaigh an t-aon rogha amháin atá ar fáil do dhuine atá ag iarraidh cónaí in Éirinn le duine den teaghlach. Is ann do chainéil éagsúla eile inimirce trína bhféadfaidh duine cáiliú chun cónaí in Éirinn as a cheart nó a ceart féin, mar oibrí, mar mhac léinn nó ar shlí eile. Ní dochar na socruithe atá leagtha amach anseo don cheart atá ag an náisiúnach eachtrach chun iarratas a dhéanamh ar fhorais eile.

1.10 Pléitear sa doiciméad seo leis an gceist maidir le teacht isteach sa Stát agus leis an gcinneadh tosaigh maidir le hathaontú teaghlaigh. Ní phléitear ann le saincheisteanna a bhaineann le cead a athnuachan, seachas i dtéarmaí ginearálta.

1.11 Is léir freisin go dtiocfaidh saincheisteanna a bhaineann le cearta teaghlaigh chun cinn in imeachtaí eile, go háirithe iad siúd a thiocfaidh chun cinn faoi Alt 3 den Acht Inimirce, 1999. I gcásanna den sórt sin, baineann an phríomh-shaincheist le hionnarbadh féideartha náisiúnaigh eachtraigh, agus is cúinse tábhachtach atá sna himpleachtaí a bheidh ag ionnarbadh den sórt sin don aonad teaghlaigh, cé nach cúinse eisiach é sin. Níl sé beartaithe paraiméadair a leagan síos sa doiciméad seo do chásanna den sórt sin agus

ní bheadh sé inmhianaithe déanamh amhlaidh ach oiread. Ní foláir cásanna lena mbaineann ionnarbadh a bhreithniú ar bhonn na dtosca iomchuí uile, agus beidh ag gach cás ar leith gnéithe áirithe a d'fhéadfadh é a idirdhealú ó chásanna eile.

1.12 Cé go leagtar síos sa doiciméad seo treoirlínte maidir le cásanna a phróiseáil, tá sé beartaithe go gcoimeádfaidh cinnteoirí an lánrogha athaontú teaghlaigh a dheonú i gcásanna nach bhfuil an chuma orthu ar an gcéad amharc go gcomhlíonann siad ceanglais an bheartais. Tá sé mar aidhm leis sin a chur ar chumas an chórais déileáil leis na cásanna neamhchoitianta sin ina dtagann sraith eisceachtúil imthosca i láthair, arb imthosca daonnúla iad de ghnáth, ar dá mbarr a thabharfadh le fios gur ceart an cinneadh cuí agus comhréireach a bheith ina chinneadh dearfach.

## 2. Cearta a Chothromú

2.1 Leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003, ceanglaítear ar gach údarás Stáit a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar shlí atá ar comhréir leis an gCoinbhinsiún. Leis an gceart chun an saol teaghlaigh a urramú de réir bhrí Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, cuirtear oibleagáidí atá luaite go dearfach agus oibleagáidí atá luaite go diúltach araon ar an Stát. D'fhéadfadh oibleagáidí atá luaite go diúltach de chuid an Choinbhinsiúin a bheith ann mar thoradh ar an gceart chun cónaí le dlúthdhaoine de theaghlach an duine nuair a bheadh ionnarbadh duine den teaghlach ina shárú ar chearta an teaghlaigh, mar shampla, nó d'fhéadfadh oibleagáidí atá luaite go dearfach teacht as an gceart sin nuair is ceart cead a thabhairt don duine den teaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann. Pléitear sa bheartas atá leagtha amach sa doiciméad seo leis an ngné dheireanach sin a mhéid atá na daoine den teaghlach ag iarraidh teacht isteach in Éirinn agus cónaí inti.

2.2 Tá sé tábhachtach gan cearta chun saol teaghlaigh a mheascadh suas le cearta chun athaontú teaghlaigh. Ní thugtar leis an gCoinbhinsiún aon cheart uathoibríoch do náisiúnach eachtrach chun teacht isteach i dtír ar leith ná chun cónaí inti. Tá sé sin deimhnithe arís agus arís eile ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus, ina theannta sin, shonraigh an Chúirt nach foláir don Stát cothromaíocht chóir a bhaint amach idir leasanna an duine aonair agus leasanna an phobail ina iomláine, ar leasanna iad a bhíonn in iomaíocht le chéile in amanna (déantar plé ar an tsaincheist sin níos déanaí sa pháipéar seo i ndáil leis na gnéithe eacnamaíocha a bhaineann le hathaontú teaghlaigh). Tá corrlach breithmheasa leathan ag an stát chuige sin. Shonraigh an Chúirt freisin nach bhfuil sé i gceist le hAirteagal 8 oibleagáid ghinearálta a chur ar Stát rogha na n-inimirceach a urramú maidir le tír a gcónaithe agus athaontú teaghlaigh ina chríoch a údarú.

2.3 Ar an gcaoi chéanna, bíonn tionchar ag stádas an teaghlaigh a chumhdaítear in Airteagal 41 de Bhunreacht na hÉireann ar chinntí inimirce. Arís, áfach, ní sheasann an tAirteagal sin ina aonar agus ní féidir é a fhorléiriú mar rud a réamhchinnfidh an toradh ar chásanna aonair.

# 3. Roghanna Beartais an Rialtais

3.1 Mar a leagadh amach sa bhreithiúnas ón gCúirt Uachtarach i gcás Bode[2], ceart agus freagracht Rialtas tofa an lae is ea rialú inimirce. Thairis sin, chinn an Chúirt nach ceart í an inimirce ach gur "bronntanas" ón Stát í. Ní ní lánrogha é feidhmiú an chirt sin thar ceann an Stáit, ná an dóigh a dtugann an Stát an bronntanas inimirce. Tá sé faoi réir an Bhunreachta, faoi réir an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, mar atá tuairiscithe thuas, agus faoi réir cibé dlí reachtach atá ann. Ní foláir cinntí inimirce a bheith comhréireach agus gan a bheith treallach. Tá gach duine i dteideal nós imeachta cóir, a ndéantar formhaoirsiú air trí athbhreithniú breithiúnach os comhair na gcúirteanna.

3.2 Mar sin féin, is é saincheart an Rialtais thofa an beartas inimirce a leagan síos ar mhaithe le leas an phobail. Tá comhbhabhtálacha riachtanacha idir leasanna atá in iomaíocht le chéile i gceist leis an mbreithniú sin ar leas an phobail. Déantar cinntí i gcásanna aonair ansin laistigh de na paraiméadair atá leagtha amach i mbeartas an Rialtais.

3.3 Dá bhrí sin, ní dhéantar leis an doiciméad beartais seo aon cheart neamhspleách chun athaontú teaghlaigh a chruthú ná a admháil ach, ina ionad sin, leagtar amach leis an dóigh, mar ní beartais, a bhfuil sé beartaithe ag an Stát déileáil le cásanna athaontaithe teaghlaigh, i gcomhréir leis an mbeartas poiblí, agus cearta bunreachtúla, cearta an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus cearta eile na bpáirtithe agus na sochaí i gcoitinne á n-urramú.

---

[2] Bode (Mionaoiseach) -v- An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Daoine Eile, [2007] IESC 62 (2007), an Chúirt Uachtarach [Uimh. na Cúirte Uachtaraí: 485 de 2006]

# Cuid 2

# An Beartas maidir le hAthaontú Teaghlaigh

## A. Príomh-shaincheisteanna beartais

### 4. Cad is Teaghlach ann?

4.1 Ní dhéantar aon iarracht sa doiciméad seo míniú docht a bhunú ar cad is teaghlach ann. Dá bhrí sin, is ceart aon tagairtí don teaghlach a léamh sa ghnáthchiall seachas sa chiall dhlíthiúil dhocht. Rud a dhéanfar leis an bpáipéar, áfach, is ea a leagan amach conas is ceart don chóras déileáil go ginearálta le hearnálacha áirithe daoine atá ag iarraidh teacht ar imirce go hÉirinn bunaithe ar a gcaidreamh le duine éigin eile atá i dteideal a bheith anseo cheana féin. Ní chumhdaítear gach earnáil duine den teaghlach leis an mbeartas seo. Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne, áfach, go bhféadfadh <u>aon</u> duine iarratas a dhéanamh chuig an Aire ar chead chun cónaí in Éirinn as a cheart nó a ceart féin agus aon chaidrimh fola nó eile atá aige nó aici le náisiúnach Éireannach nó le cónaitheoir Éireannach a thabhairt ar aird ina iarratas nó ina hiarratas, inter alia.

4.2 Ag an am céanna, agus cé gur féidir an téarma "duine den teaghlach" a léamh go han-leathan, níl an seasamh céanna ag gach duine den teaghlach. Tá sé sin seanbhunaithe ina lán réimsí, lena n-áirítear comharbas, pósadh agus inimirce (lena n-áirítear nithe a bhaineann le Saorghluaiseacht Daoine laistigh den Aontas Eorpach). Dá bhrí sin, in aon anailís ar an gcinneadh inimirce a bhféadfadh duine a bheith ag súil leis, agus gan dochar do bhreithniú mionsonraithe ar na himthosca aonair a thagann chun cinn sa chás ar leith, ní foláir a mheas go bhfuil scála aistritheach caidreamh ann, áit a mbíonn an call is mó do thoradh dearfach ar chinneadh inimirce de ghnáth ag na daoine sin a bhfuil an bhaint is gaire acu, agus gach ní eile mar a chéile. Tá sé réasúnach go hiomlán freisin i dtéarmaí beartais phoiblí

“an caighdeán a shocrú” i bhfad níos airde maidir le hathaontú teaghlaigh i gcás go mbeidh caidrimh níos faide i gcéin i gceist go dtí an pointe nach foláir na hionchais ratha i gcásanna áirithe a mheas a bheith fíorbheag, mura bhfuil imthosca an-eisceachtúil ann.

4.3 Agus an méid sin á chur san áireamh, leagtar síos sa doiciméad seo treoirlínte leathana beartais do na príomhearnálacha caidrimh teaghlaigh agus leagtar amach ann freisin roinnt paraiméadair níos leithne chun déileáil le caidrimh níos faide i gcéin.

4.4 Níl sé beartaithe go gcumhdófaí baill foirne tís ná daoine neamhghaolmhara den teaghlach i gcoitinne leis an mbeartas seo. Beag beann ar cé acu a chónaíonn siad leis an teaghlach nó nach gcónaíonn nó ar cé chomh fada agus atá siad mar chuid den teaghlach, bheadh baill foirne tís faoi réir an chórais ceadanna fostaíochta agus bheadh orthu iarratas a dhéanamh, go neamhspleách agus as a gceart féin, mar oibrithe seachas mar dhaoine den teaghlach. Ba ar a bhfiúntas a dhéanfaí breithniú ar iarratais den sórt sin ar cheadanna fostaíochta. Mar ní beartais phoiblí, áfach, ní mholtar imirce chun seirbhís tís a dhéanamh, agus d’fhéadfadh na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a bhfuil oibrí tís ina dteideal in Éirinn a bheith difriúil go mór leis na téarmaí agus coinníollacha sin sa tír thionscnaimh.

4.5 Ní foláir imthosca aon scartha teaghlaigh agus an caidreamh iarbhír idir na páirtithe a chur san áireamh go pointe éigin freisin. I ndáil leis sin, d’fhéadfadh éileamh níos laige ar athaontú a bheith ag duine den teaghlach atá scartha le fada ó dhuine atá ina chónaí nó ina cónaí in Éirinn ná mar a bheadh ag duine den teaghlach i gcás go raibh na páirtithe ina ndlúthaonad teaghlaigh go dtí le déanaí. Aon teaghlach a scar é féin go deonach mar mhodh amhantrach le haghaidh cónaí in Éirinn a fháil do dhuine amháin den teaghlach, ní foláir dó a éilimh féin ar athbhunú mar aonad in Éirinn a chaolú freisin (féach Rannán 6 den doiciméad seo).

4.6 I ngach ní inimirce, is amhlaidh, mar ní beartais mura ní dlí é, a mheastar páirtnéireacht shibhialta a conraíodh in Éirinn, nó páirtnéireacht shibhialta eachtrach atá aitheanta i ndlí na hÉireann, a bheith coibhéiseach go hiomlán le pósadh.

# 5. Athaontú Teaghlaigh Difreáilte

5.1 Is ar roinnt tosca a bhraitheann an toradh ar chinneadh inimirce i réimse an athaontaithe teaghlaigh. Ceann amháin de na tosca sin is ea slándáil áit chónaithe an duine a bhfuil an t-iarratasóir ag iarraidh athaontú leis nó léi. Chun críocha an doiciméid seo, gairtear an t-urraitheoir den duine sin. Ní stádas aonfhoirmeach é stádas inimirce, agus é comhdhéanta de cheadanna teoranta nó coinníollacha ag an taobh íochtarach den scála agus de chónaí fadtéarmach gan choinníoll ag an taobh eile. Ar ndóigh, is é stádas saoránaigh an stádas is sláine ar fad. Meastar gur ceart leibhéil dhifriúla tionachta an urraitheora a léiriú sa bheartas a ghlactar. Ní féidir le hathaontú teaghlaigh teacht chun bheith uathoibríoch nó neamhchoinníollach choíche, áfach, agus ní bheadh sé inmhianaithe dá bhfeicfí athaontú teaghlaigh mar rud a tharlaíonn gan a fhios don Rialtas tofa nó ar mhodh nach dtagann le beartas poiblí sonraithe an Rialtais thofa.

5.2 I gcás gur náisiúnach neamh-LEE an t-urraitheoir, tá sé beartaithe go ndeonófar rochtain dhifriúil ar athaontú teaghlaigh de ghnáth, ag brath ar stádas inimirce an urraitheora. Ina measc sin beidh cásanna mic léinn, áit nach ceadmhach rochtain ar athaontú teaghlaigh nó a bhfuil srian mór uirthi, agus forálacha níos flaithiúla do dhaoine, mar shampla daoine a bhfuil stádas cónaithe fhadtéarmaigh acu.

5.3 Beag beann ar stádas an urraitheora, ní foláir athaontú teaghlaigh a bheith faoi réir srianta agus ceartúcháin chuí i gcoinne mí-úsáid inimirce, amhail pósadh áise[3], i ngach cás agus ní foláir gach cás a bhreithniú ar a fhiúntas, agus stair inimirce na bpáirtithe agus saincheisteanna ginearálta lena mbaineann beartas sóisialta agus eacnamaíoch á gcur san áireamh. Is ar an iarratasóir agus ar an urraitheoir go hiomlán atá sé cruthúnas a thabhairt maidir le barántúlacht an chaidrimh teaghlaigh, cibé acu is náisiúnach Éireannach nó náisiúnach neamh-LEE an duine sin. Ní dhéanfar aon difear leis

---

[3] Chun críocha an doiciméid seo, mínítear 'pósadh áise' mar phósadh a ndeachthas isteach ann ar mhaithe le buntáiste inimirce a fháil do cheann de na páirtithe go príomha.

an mbeartas seo don cheanglas víosa atá orthu siúd a thagann ó thíortha ina bhfuil feidhm aige sin[4].

[4] Tá liosta de na tíortha a bhfuil ceanglas víosa orthu ar fáil ag http://www.inis.gov.ie/en/INIS/(List%20of%20Countries)%20S.I.%20417%20of%202012%20Schedule%201.pdf/Files/(List%20of%20Countries)%20S.I.%20417%20of%202012%20Schedule%201.pdf

## 6. An tAonad Teaghlaigh a Athbhunú

6.1 I gcásanna áirithe, ar chúiseanna eacnamaíocha nó eile, is féidir go mbeidh teaghlach scartha óna chéile ar feadh i bhfad, agus ar feadh roinnt mhaith blianta i roinnt cásanna. Is féidir go rachaidh duine amháin thar lear chun obair a dhéanamh agus leanúint de thacú leis an teaghlach ina thír dhúchais nó ina tír dhúchais trí sheoltáin airgid a dhéanamh. I stair measartha gearr na hÉireann mar thír is ceann scríbe inimirce, chonacthas freisin leibhéil shuntasacha imirce ina dtagann duine aonair amháin go hÉirinn, agus a theaghlach nó a teaghlach á fhágáil ina dhiaidh nó ina diaidh aige nó aici, agus ina n-iarrann sé nó sí cead fanachta a fháil, tar éis próiseas dlíthiúil fada i roinnt cásanna. Tá sé dlisteanach i gcásanna den sórt sin an fíoras gur roghnaigh an teaghlach scaradh óna chéile a chur san áireamh, gan bonn a bhaint de bhailíocht chónaí an imircigh a d'fhéadfadh a bheith eadóirsithe sa deireadh agus gan amhras a chaitheamh ar a ghníomhartha nó a gníomhartha. Ina theannta sin, dá mhéad fad an scartha roghnaigh is ea is laige a bhíonn an t-éileamh ar athbhunú an teaghlaigh in Éirinn. Níl sé beartaithe a bheith saintreorach maidir leis an tsaincheist sin ach, ina ionad sin, tá sé beartaithe aird a tharraingt uirthi mar chúinse an-ábhartha in aon phróiseáil cáis.

6.2 D'fhéadfaí a mheabhrú freisin gur dheonaigh an tAire cead fanachta in Éirinn i gcásanna áirithe faoi réir an tsriain shainráite nach dtiocfadh aon chearta chun céile nó duine eile den teaghlach do dhul i bpáirt leis an duine arís as an stádas a dheonú. Dá bhrí sin, ní foláir a mheas go ndearna an teaghlach rogha eolach i bhfabhar stádas inimirce Éireannach do dhaoine áirithe den teaghlach in ionad iad uile a bheith ag cónaí le chéile ina dtír thionscnaimh.

## 7. An tSlándáil Phoiblí, an Beartas Poiblí agus an tSláinte Phoiblí

7.1 Gné ríthábhachtach i ngach cinneadh inimirce is ea cosaint an Stáit, a shaoránach agus na ndaoine atá i láthair ann. Diúltófar iarratais ar athaontú teaghlaigh i gcás go mbeidh páirtí san iarratas ina bhagairt nó ina bagairt ar an tslándáil phoiblí, ar an mbeartas poiblí nó ar an tsláinte phoiblí.

7.2 Níl sé beartaithe mínithe dochta a thabhairt ar na coincheapa sin, nach foláir a ghlacadh ar aon nós go bhfuil a mbrí choiteann leo. Mar shampla, áfach, d'fhéadfaí duine a dhiúltú ar fhorais slándála poiblí dá mbeadh sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt ar an Stát nó ar Stát eile trí sceimhlitheoireacht nó trí thacaíocht do ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, dá mbeadh sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt gríosú chun fuatha a dhéanamh, dá mbeadh sé nó sí ina riosca iompraíochta coiriúla, nó dá mbeadh sé nó sí ina riosca foréigin i gcoinne duine amháin nó níos mó. Ní bheidh taifead coiriúil ina ní a eisiafar duine go huathoibríoch ó bhreithniú le haghaidh athaontú teaghlaigh, ach is léir go bhfuil tionchar ollmhór aige ar aon bhreithniú a dhéantar ar fhiúntas an cháis aonair.

7.3 Is téarma níos leithne é beartas poiblí, agus bheadh coincheapa amhail folláine eacnamaíoch agus shóisialta an Stáit i gceist leis. Ní dhéantar an beartas inimirce ina aonar ach, ina ionad sin, bíonn sé bunaithe ar raon leathan beartas rialtais i réimsí éagsúla. Is ceart ábhair imní beartais phoiblí a bheith mar bhonn eolais faoi gach cinneadh inimirce, agus baineann sé sin le hábhar i gcás an athaontaithe teaghlaigh freisin. Tá an Stát i dteideal beartas inimirce a bheith aige agus an beartas sin a athrú ó am go ham de réir a leasanna beartais phoiblí níos leithne.

7.3 Tríd is tríd, is i gcomhthéacs galar tógálach a thagann cúinsí sláinte poiblí chun cinn, mar shampla i gcás paindéime nó i gcás go mbeidh galair faoi réir na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta atá glactha de thuras na huaire ag Tionól Domhanda Sláinte na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

## 8. An Tionchar Eacnamaíoch

8.1 Is féidir leis an inimirce buntáistí eacnamaíocha suntasacha a thabhairt tríd an margadh intíre earraí agus seirbhísí a fhás agus trí rannchuidithe díreacha oibrithe imirceacha ó thaobh aschuir de agus ó thaobh cánachais de araon. Ag an am céanna, is féidir le costais shuntasacha a bheith ann ó thaobh oideachais[5], tithíochta, cúram sláinte agus leasa de mar gheall ar imirce teaghlaigh. Dá bhrí sin, is cuid an-riachtanach den bheartas maidir le hathaontú teaghlaigh iad cúinsí eacnamaíocha.

8.2 Mar sin féin, ní chinneann na húdaráis inimirce an incháilitheacht le haghaidh seirbhísí Státchistithe agus, ina lán cásanna, go háirithe a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí leasa shóisialaigh, bíonn na coinníollacha incháilitheachta mar an gcéanna do shaoránaigh Éireannacha agus d'imircigh araon. Más rud é go dtagann teideal chun bheith ina rud cinnte d'aon duine a chomhlíonann ceanglais chónaitheachta áirithe, is cinnte nach foláir rialú caiteachais a thús-ualú tríd an gcóras inimirce. Is é sin le rá nach foláir don chóras inimirce srian a chur ar chead isteach do líon suntasach daoine a bheadh mar chúis le dliteanais shuntasacha ó thaobh seirbhísí Stáit de dá gceadófaí dóibh teacht go hÉirinn. Ag an am céanna, nuair a dheonaítear cead inimirce do dhuine agus nuair a chuirtear coinníoll leis nach mbeidh an duine ina ualach nó ina hualach ar an Stát, d'fhéadfaí an cead a fhoirceannadh mura gcomhlíonfadh sé nó sí an coinníoll sin, d'ainneoin aon rialacha incháilitheachta a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí earnála Stáit maidir le rochtain ar na seirbhísí sin. Is ionann é sin agus rud a bhféadfaí "Conradh Inimirce" a ghairm de.

8.3 Níl sé beartaithe go dtiocfadh cinntí ar athaontú teaghlaigh chun bheith ina measúnuithe airgeadais agus iontu sin amháin. Mar sin féin, ní féidir a mheas go bhfuil aon oibleagáid ar an Stát an teaghlach lena mbaineann a fhóirdheonú agus ní foláir a mheas go gcomhlíonann an t-urraitheoir an fhreagracht atá air nó uirthi soláthar a dhéanamh do na daoine dá theaghlach nó dá teaghlach má táthar chun cead a thabhairt dóibh teacht go hÉirinn.

[5] Meastar na costais a bheith cothrom le thart ar €8,000 in aghaidh an linbh in aghaidh na bliana – foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

I gcás gur saoránach Éireannach an t-urraitheoir, ní bheadh an measúnú eacnamaíoch chomh trom agus a bheadh sé i gcás urraitheoirí neamh-LEE.

8.4 An rud atá i gceist leis is ea an chothromaíocht cheart a aimsiú idir cearta agus freagrachtaí. Agus gach rud eile mar a chéile, áfach, beidh seans i bhfad níos fearr ag cónaitheoir neamh-LEE in Éirinn atá i bhfostaíocht ghníomhach dhea-íoctha go gceadófar do dhaoine dá theaghlach nó dá teaghlach dul i bpáirt leis nó léi arís ná mar a bheidh ag duine atá ag maireachtáil ar thacaíochtaí Stáit. Go deimhin, ní féidir le duine nach bhfuil in ann é nó í féin a chothú a bheith ag súil go nglacfaidh an Stát leis na hoibleagáidí riachtanacha airgeadais thar a cheann nó a ceann.

8.5 I measc na nithe eile is gá a chur san áireamh tá an cheist i dtaobh an ceart athaontú teaghlaigh a bheith láithreach nó an ceart é a bheith faoi réir tréimhse phromhaidh éigin. I láthair na huaire, is rud láithreach é athaontú teaghlaigh do shealbhóirí Ceada Fostaíochta Scileanna Criticiúla. Tá sé sin bunaithe ar roinnt toimhdí ar féidir go bhfaighfear amach go bhfuil bonn maith leo nó nach bhfuil. Is iad sin: go gcoimeádfar an fhostaíocht ar bun, go mbainfear an leibhéal tuarastail amach, agus gur leor an leibhéal tuarastail chun an teaghlach a chothabháil. Ós rud é nach mbeidh ach tuarastal €30,000 á fháil ag roinnt earnálacha de shealbhóirí Ceada Fostaíochta Scileanna Criticiúla, meastar gur gá an beartas reatha a mhionchoigeartú go pointe éigin.

## 9. Ceanglais Lánpháirtíochta

9.1. Tá ceanglais a bhaineann le lánpháirtíocht tar éis teacht chun bheith níos coitianta i ndlínsí eile den Aontas Eorpach nuair atáthar ag déileáil le cásanna athaontaithe teaghlaigh. Cé is moite de rún chun inniúlacht teanga a thabhairt isteach mar cheanglas le haghaidh saoránachta agus le haghaidh cónaí fadtéarmach a chur in iúl, bhí forálacha den sórt sin ar iarraidh ó chreat inimirce na hÉireann. Cé nach moltar sa doiciméad seo aon cheanglais nua ná láithreacha sa réimse sin, aithnítear dlisteanacht na bhforálacha sin ann. Mar leibhéal bunúsach, agus chun plé ar mhínithe ar cad is "lánpháirtíocht" ann a sheachaint, níl sé inmhianaithe ar chor ar bith go mbeadh imircigh ina gcónaí ar feadh tréimhsí fadaithe nó go buan in Éirinn gan a bheith in ann Béarla a labhairt. Go deimhin, bíonn ceanglas teanga atá follasach (e.g., mic léinn ar chláir acadúla) nó intuigthe (e.g., i gcás oibrithe eachtracha) ag gabháil le formhór na gcainéal inimirce go hÉirinn do dhaoine neamh-LEE. Tá sé réasúnach tástáil den sórt sin a chur leis an gcóras inimirce le haghaidh cásanna athaontaithe teaghlaigh freisin.

9.2 Moltar go ndéanfaí tuilleadh staidéir ar an tsaincheist sin ar bhonn cothrománach le haghaidh gach aicme imirce dlíthiúla, agus díriú á leagan ar nithe eile atá de bhreis ar an athaontú teaghlaigh. I measc na saincheisteanna a bheidh le breithniú beidh an leibhéal inniúlachta teanga a cheanglófar agus cibé acu is ceart an inniúlacht sin a ghnóthú roimh thaisteal go hÉirinn nó is ceart í a ghnóthú laistigh de thréimhse shocraithe (phromhaidh) ina dhiaidh sin. Is ceart breithniú a dhéanamh ann freisin ar an gceist i dtaobh an ceart tástálacha eolais ar shochaí na hÉireann agus ar a cultúr a bheith mar ghné den chóras inimirce agus, más ceart, cén uair a bheidh sé sin amhlaidh (e.g., ag céim na saoránachta nó tráth níos luaithe, b'fhéidir). Baineadh úsáid as na tástálacha sin i roinnt dlínsí eile.

## 10. Réamh-imréiteach

10.1 Murab ionann agus an scéal sa Ríocht Aontaithe nó i gcrios Schengen, ní dhéantar aon idirdhealú idir fanachtaí gearrthéarmacha agus fanachtaí fadtéarmacha sna rialacha maidir le ceanglais víosa in Éirinn. Tá ceanglas víosa ar náisiúnach eachtrach nó tá sé nó sí díolmhaithe ó víosa a bheith aige nó aici, beag beann ar fhad an fhanachta nó ar a chuspóir. Mar thoradh air sin, ní dhéantar iarratais ar athaontú teaghlaigh ó dhaoine nach bhfuil ceanglas víosa orthu ach amháin nuair atá an duine in Éirinn cheana féin. Tagann roinnt fadhbanna as sin, lena n-áirítear:

- Easpa cinnteachta don iarratasóir;
- Is é 90 lá an fanacht uasta ar chead iontrála, rud atá róghearr chun déileáil le hiarratas casta agus le cinneadh a mbeidh iarmhairtí suntasacha aige a dhéanamh. Ina theannta sin, féadfaidh an t-iarratasóir féachaint le fanacht (go dleathach nó go mídhleathach) fad a bheidh an cás á bhreithniú;
- Breithníonn níos mó ná aonad amháin i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann cásanna athaontaithe teaghlaigh, rud a fhágann go bhféadfadh neamhréireachtaí a bheith ann ó thaobh cur chuige de;
- I gcás go ndiúltófar athaontú teaghlaigh, tá an t-iarratasóir in Éirinn cheana féin agus ansin d'fhéadfadh sé nó sí teacht chun bheith ina fhadhb nó ina fadhb agus d'fhéadfadh imeachtaí fada agus costasacha ionnarbtha a bheith i gceist, arbh imeachtaí iad a bhíothas in ann a sheachaint.
- An fhéidearthacht go mbainfí mí-úsáid as iarratais ar víosaí gearrfhanachta, le haghaidh cuairteanna gearra teaghlaigh nó le haghaidh turasóireachta, mar dhea, mar mhodh le haghaidh rochtain a fháil ar an Stát chun iarratas a dhéanamh ar chónaí sur place ar bhonn níos buaine.

10.2 Is staid neamhshásúil í sin agus tá argóint láidir ann i bhfabhar ceanglas foirmiúil víosa a chur i bhfeidhm le haghaidh fadfhanachtaí nó i bhfabhar próiseas réamh-imréitigh malartach éigin. Thairis sin, tá argóint shoiléir ann i bhfabhar aonad athaontaithe teaghlaigh aonair a bheith ann laistigh de Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chun gach cás

athaontaithe teaghlaigh a bhreithniú i gcás tíortha a bhfuil ceanglas víosa orthu agus i gcás tíortha nach bhfuil ceanglas víosa orthu araon. Go teoiriciúil, d'fhéadfadh gach iarratasóir ar athaontú teaghlaigh teacht chun bheith ina iarratasóir nó ina hiarratasóir a bhfuil ceanglas víosa air nó uirthi ach, sa chleachtas, bheadh sé rídhoiligh é sin a bhaint amach mura mbeadh ceanglas víosa comhchosúil ag gabháil le cineálacha eile ceadanna fadfhanachta[6]. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, go mbunóidh Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann Aonad Láraithe Lonnaíochta Teaghlaigh a dhéileálfaidh le gach iarratas. Leanfaí de dhéileáil le víosaí gearrfhanachta chun críche cuairteanna teaghlaigh tríd an gcóras víosaí.

10.3 Cé go meastar gurb é réamh-imréiteach an bealach is cuí chun dul ar aghaidh sa réimse sin, is cinnte go mbeidh cásanna ann ina mbeidh an t-iarratasóir ag iarraidh iarratas a dhéanamh ó áit laistigh den Stát. Earnáil amháin inar léir go bhfuil sé ceadaithe iarratas a dhéanamh ó áit laistigh den Stát is ea daoine a bhfuil stádas cónaithe acu cheana féin as a gceart féin, ach ar stádas é atá de chineál níos ísle nó níos srianta (mar shampla, stádas mar mhac léinn), agus ar daoine iad atá ag iarraidh an stádas sin a "uasghrádú" ar bhonn a chaidrimh nó a caidrimh le duine éigin, amhail saoránach Éireannach, mar shampla. Lasmuigh den ghrúpa sin, áfach, is ceart é a bheith mar bheartas ginearálta diúltú glacadh le hiarratais ó áit laistigh den Stát ach amháin i gcás go mbeidh imthosca daonnúla speisialta ann. Is féidir go mbeidh sé cuí freisin táille níos airde a oibriú le haghaidh iarratais intíre. Ní bhaineann na forálacha sin ach amháin le hiarratais ar athaontú teaghlaigh agus ní dochar iad d'aon fhéidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an náisiúnach eachtrach iarratas a dhéanamh ar uasghrádú nó fadú a stádais as a cheart nó a ceart féin (i.e., gan a bheith bunaithe ar a chaidreamh nó a caidreamh le duine eile).

---

[6] Agus aird á tabhairt ar an bhfíoras nach foláir d'iompróirí an ceanglas víosa a chur chun feidhme agus cinneadh á dhéanamh acu ar chead a thabhairt do phaisinéirí taisteal.

## 11. Próiseáil agus Táillí

11.1 Beag beann ar cé acu a thabharfar cineál éigin réamh-imréitigh athaontaithe teaghlaigh isteach nó nach dtabharfar, moltar go mbeadh foirm iarratais chaighdeánaithe i gceist le gach cás. Is gá foirm iarratais a thabhairt isteach toisc go gcuirtear náisiúnaigh a bhfuil ceanglais víosa orthu agus náisiúnaigh nach bhfuil ceanglais víosa orthu ar an leibhéal céanna léi a mhéid a bhaineann lena n-imthosca a leagan amach go hiomlán chun stádas Athaontaithe Teaghlaigh a fháil. Cinntítear leis an bhfoirm iarratais freisin go mbaileofar faisnéis ar bhealach trédhearcach comhsheasmhach, rud a chabhróidh leis an iarratasóir agus leis an oifigeach atá ag breithniú an cháis araon.

11.2 Tá iarratais ar athaontú teaghlaigh i measc na n-iarratas is déine ar shaothar san ualach cásanna inimirce. I láthair na huaire, áfach, is táille i leith víosa cuairte D (€60) an t-aon táille a mhuirearaítear (seachas an táille chlárúcháin chaighdeánach d'iarratasóirí rathúla). Is gá an staid sin a athbhreithniú agus cur chuige i bhfad níos réadúla a ghlacadh i leith costas.

# B. Treoirlínte Mionsonraithe

## 12 Urraitheoir Cáilithe

12.1 I láthair na huaire, déantar cinntí maidir le hathaontú teaghlaigh ar bhonn baint a bheith ann idir an duine atá ag iarraidh cónaithe in Éirinn agus duine éigin eile a bhfuil stádas aige nó aici laistigh den Stát (cibé acu mar shaoránach nó mar chónaitheoir neamh-LEE). Gairtear an t-urraitheoir den duine sin. Meastar gur togra comhpháirteach an t-iarratas agus go bhfuil sé de bhun mian choiteann go gceadófaí don iarratasóir cónaí in Éirinn. Mar sin féin, ní ceart an téarma "urraitheoir" a bheith ina théarma folamh. Ní foláir an duine sin a mheas mar dhuine a ghlacann freagracht áirithe as an duine den teaghlach atá sé nó sí ag iarraidh a thabhairt chun cónaí in Éirinn. Tá sé beartaithe ar aon chaoi ról agus freagrachtaí an urraitheora laistigh den chóras a chur ar bhonn foirmiúil.

12.2 Is ceart don urraitheoir agus don duine den teaghlach iarratas ar athaontú teaghlaigh a dhéanamh i gcomhpháirt i gcás gur aosach an duine den teaghlach agus is ceart don urraitheoir amháin an t-iarratas a dhéanamh i gcás linbh.

12.3 D'fhéadfadh duine amháin díobh seo a leanas a bheith ar an Urraitheoir d'iarratas ar Athaontú Teaghlaigh:

- saoránach Éireannach atá ina chónaí nó ina cónaí in Éirinn nó a bhfuil sé ar intinn aige nó aici cónaí in Éirinn;
- Náisiúnach eachtrach atá ina chónaí nó ina cónaí go dleathach mar Shealbhóir Ceada Fostaíochta[7];
- Náisiúnach eachtrach atá ina chónaí nó ina cónaí go dleathach agus a bhfuil Stampa inimirce 4 aige nó aici (lena n-áirítear cónaitheoirí fadtéarmacha). I gcás go mbeidh sealbhóir Stampa 4 ina thairbhí de chosaint idirnáisiúnta, beidh feidhm ag rannán 20 den doiciméad seo;
- Náisiúnach eachtrach atá ina chónaí nó ina cónaí go dleathach agus a bhfuil stampa inimirce 5 aige ó aici (rud a léiríonn nach bhfuil aon choinníoll ama ag gabháil lena chónaí nó lena cónaí);
- Taighdeoir faoi Chomhaontú Óstála;

[7] Áirítear leis seo na daoine sin ag a bhfuil ceadanna a dtugtar Ceadanna Fostaíochta Scileanna Criticiúla orthu.

- mac léinn PhD atá ag déanamh staidéar ar dhochtúireacht atá creidiúnaithe in Éirinn;
- Ministir Reiligiúin a bhfuil Stampa inimirce 3 aige nó aici.

Le hincháilitheacht chun iarratas a dhéanamh mar urraitheoir, ní dhéantar aon réamhchinneadh ar chor ar bith ar thoradh an iarratais ná ní thugtar inti féin aon teideal chun athaontú teaghlaigh a fháil.

12.4 I ngach cás eile, ceanglófar ar an iarratasóir iarratas a dhéanamh as a cheart nó a ceart féin in ionad a bheith urraithe ag duine eile. Ní chuirtear cosc ar an iarratasóir leis sin, áfach, caidreamh le duine eile atá ina chónaí nó ina cónaí in Éirinn nó atá i dteideal a bheith ina chónaí nó ina cónaí in Éirinn a chur ar áireamh sa tsraith imthosca iomchuí a bhaineann lena iarratas nó lena hiarratas.

12.5 Ní incháilithe mar urraitheoirí faoi láthair atá daoine atá ina gcónaí in Éirinn mar mhic léinn, seachas iad siúd atá ag déanamh PhD. Tá roinnt eisceachtaí teoranta ann maidir le mic léinn, i gcásanna ina dtagann siad faoi chlár scoláireachta ó thír eile. Meastar, áfach, go bhféadfadh mic léinn eile a bheith ann a bheadh in ann soláthar airgeadais iomlán a dhéanamh dá gcleithiúnaithe le linn a bhfanachta agus go bhféadfadh daoine den sórt sin a bheith incháilithe chun gníomhú mar urraitheoirí, seachas i dtús a bhfanachta, b'fhéidir. A luaithe a bheidh dul chun cinn acadúil agus fianaise ar na cistí riachtanacha chun tacú le daoine den teaghlach léirithe ag an mac léinn, d'fhéadfaí cead a thabhairt dó nó di daoine den teaghlach a thabhairt isteach chun dul i bpáirt leis nó léi arís. Bheadh ar an earnáil sin mac léinn a bheith ag déanamh staidéar ar dhámhachtain céime Éireannach[8] ag leibhéal baitsiléara onóracha[9] ar a laghad. Pléifear leis na mionsonraí sonracha maidir le hincháilitheacht, trí leasú, faoi na socruithe beartais inimirce ar leith do mhic léinn idirnáisiúnta[10].

---

[8] E.g., Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

[9] Leibhéal 8 agus os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí

[10] Córas Inimirce Nua do Mhic Léinn Lánaimseartha Neamh-LEE http://www.inis.gov.ie/en/INIS/Students%20BookletA4%20(white%20cover)%20sept%202010.pdf/Files/Students%20BookletA4%20(white%20cover)%20sept%202010.pdf

## 13 Duine den Teaghlach

13.1 Is feidhm beirte é iarratas ar athaontú teaghlaigh, eadhon an t-urraitheoir agus an duine den teaghlach, agus tá sé bunaithe ar a ngaol. Ní hionann an rochtain fhéideartha ar athaontú teaghlaigh atá ag gach duine den teaghlach, agus tá difreáil ann freisin i measc na n-earnálacha éagsúla urraitheora. Dá bhrí sin, agus an dá ghné á gcomhcheangal, is cinnte go mbeidh éagsúlacht mhór ann sa dóchúlacht go n-éireoidh leis an iarratas. Mar shampla, beidh argóint i bhfad níos láidre ag iarratas ar athaontú teaghlaigh ag céile náisiúnaigh Éireannaigh ná mar a bheidh ag deartháir nó deirfiúr a bhfuil athaontú le náisiúnach neamh-LEE á iarraidh aige nó aici.

13.2 Chun críocha an doiciméid seo, is iad seo na hearnálacha éagsúla a úsáidtear le haghaidh daoine den teaghlach:

(a) Daoine den neasteaghlach
- Daoine den teaghlach núicléach – Céile agus leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois[11];
- páirtnéirí de facto (chun críocha an doiciméid seo, is caidreamh de facto é caidreamh comhchónaithe atá cosúil le pósadh arna fhianú go cuí);

(b) Tuismitheoirí;

(c) Daoine eile den teaghlach.

13.3 Cheadófaí do dhuine os cionn 18 mbliana d'aois iarratas a dhéanamh i gcás go mbeidh sé nó sí i gcleithiúnas ar chúram an urraitheora is tuismitheoir, cibé acu go díreach nó go hindíreach, mar gheall ar fhadhb thromchúiseach liachta nó shíceolaíoch a fhágann nach féidir leis nó léi maireachtáil go neamhspleách sa tír dhúchais. Áirítear uchtleanaí agus leanaí atá faoi chúram urraitheora sa mhíniú sin ar choinníoll go n-aithnítear na huchtálacha faoi dhlí na hÉireann. Sna cásanna deireanacha sin, féadfaidh Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann scrúdú fairsing a dhéanamh ar na himthosca chun a

[11] Is féidir é sin a fhadú go 23 bliana d'aois ar a mhéad i gcás go mbeidh an leanbh i mbun oideachais lánaimseartha agus go mbeidh sé nó sí fós i gcleithiúnas ar an tuismitheoir.

dheimhniú go bhfuil an t-urraitheoir ag tabhairt cúram don leanbh agus, i gcás gurb iomchuí, gur aontaigh an tuismitheoir eile le bogadh an linbh go hÉirinn. I gcásanna lena mbaineann leanbh, beidh leas an linbh sin ina phríomhchúinse in aon chinneadh a dhéanfar.

13.4 Beidh sé de dhualgas ar na hiarratasóirí ar athaontú teaghlaigh na húdaráis inimirce a shásamh go bhfuil an caidreamh teaghlaigh mar a mhaítear. Baineann tábhacht ar leith leis sin i gcás go mbeidh leanaí i gceist. I gcásanna áirithe ina bhfuil amhras réasúnach ann, féadfar a iarraidh ar na páirtithe fianaise DNA a sholáthar chun tacú leis an gcaidreamh maíte. Tá treoirlínte maidir le fianaise DNA agus maidir leis na himthosca ina bhféadfaí í a úsáid leagtha amach in Aguisín A.

13.5 Caitear le huchtleanaí i gcásanna athaontaithe teaghlaigh ar an mbealach céanna agus a gcaitear le leanaí eile. De bhreis ar na gnáthchúinsí maidir le leanaí, is iad na príomhchúinsí:

- go ndearnadh an uchtáil in Éirinn nó, i gcás uchtáil choigríche, go bhfuil sí aitheanta faoi dhlí na hÉireann;
- go ndearnadh aistriú fíor agus iomlán ar fhreagracht tuismitheoirí, agus tacaíocht mhothúchánach agus airgeadais á tabhairt anois ag na tuismitheoirí uchtaíocha;
- go bhfuil na cearta céanna ag an uchtleanbh agus atá ag aon leanbh eile leis na tuismitheoirí uchtaíocha;
- go bhfuil an leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois.

13.6 Níl sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar cheist na máthairionadaíochta sa pháipéar seo, go háirithe ós rud é go mbíonn an seasamh dlíthiúil ina leith sin ag athrú. Nuair a bheidh gach ní a bhaineann le tuismitheoireacht suite de réir an dlí is infheidhme agus bunaithe ar fhíorais an cháis, áfach, bheadh feidhm ansin ag na prionsabail ghinearálta atá leagtha amach sa doiciméad seo.

13.7 Aithnítear go mbeidh teaghlaigh ann ina mbeidh leanaí nach iad leanaí an urraitheora iad de réir mar a thagann póstaí chun deiridh agus de réir mar a chruthaítear caidrimh eile. I gcás gur féidir a shuíomh go soiléir gur daoine lánaimseartha de theaghlach an urraitheora iad leasleanaí an phósta nua nó na páirtnéireachta sibhialta nua, beidh siad incháilithe lena n-áireamh mar chuid den teaghlach núicléach ar an mbonn céanna agus a bheidh aon leanaí eile a bheidh ag an lánúin. I gcás go mbeidh socruithe coimeádta comhroinnte/comhchoimeádta i gceist (i.e., i gcás nach mbeidh ach coimeád páirteach an linbh ag an aosach nach urraitheoir é nó í), beidh toiliú ón tuismitheoir eile leis an leanbh a bheith ina chónaí nó ina cónaí in Éirinn ag teastáil. I gcásanna den sórt sin, ní foláir a thuiscint nach dtugtar le láithreacht an linbh in Éirinn aon chearta ar chor ar bith don tuismitheoir eile chun cuairt a thabhairt ar Éirinn nó chun cónaí inti agus go mbeadh ar thoiliú a bheith feasach dá réir.

## 14. Cleithiúnas

14.1 Chun críocha an doiciméid beartais seo, ciallaíonn "Cleithiúnas" (i) go mbíonn an t-urraitheoir ag tacú leis an duine den teaghlach ó thaobh airgeadais de ar bhonn leanúnach, agus (ii) go bhfuil fianaise ann ar chleithiúnas sóisialta idir an bheirt pháirtithe. Ní foláir méid an chleithiúnais a bheith de chineál a fhágann nach féidir leis an duine den teaghlach maireachtáil go neamhspleách ar leibhéal cothaithe ina thír dhúchais nó ina tír dhúchais mura gcoimeádfaí an tacaíocht airgeadais agus shóisialta sin ar bun. Aon leanbh mionaoiseach atá ina chónaí nó ina cónaí lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí, glacfar leis go huathoibríoch gur cleithiúnaí lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí é nó í.

14.2 Ní daoine a bhfuil acmhainn neamhspleách acu iad aosaigh a mhaíonn cleithiúnas, agus tá a mhalairt fíor. Is idirdhealú tábhachtach é sin ó thaobh iarratais a thaisceadh de agus ó thaobh iarratais a scrúdú de araon. Bíonn daoine a mhaíonn cleithiúnas ag rá go bhfuil siad ag brath ar dhuine den teaghlach atá ina chónaí nó ina cónaí in Éirinn ar mhaithe lena maireachtáil. Ní foláir d'oifigigh atá ag scrúdú iarratais den sórt sin a bheith sásaithe – ag an iarratasóir – go bhfuil an duine den teaghlach i gcleithiúnas ar an urraitheoir i ndáiríre.

14.3 Ní foláir "cleithiúnas" chun críocha inimirce agus i leith aosaigh a bheith ann cheana féin agus leanúnach sula ndéantar an t-iarratas ar athaontú teaghlaigh. Ní foláir a shuíomh freisin gur ann don chleithiúnas fad a bhí an cleithiúnaí ina chónaí nó ina cónaí ina thír dhúchais nó ina tír dhúchais.

14.4 Ní hé amháin nach foláir fáilte a bheith roimh an tacaíocht airgeadais ach ní foláir freisin í a bheith riachtanach le haghaidh tacaíocht leanúnach a thabhairt don duine den teaghlach agus le haghaidh mhaireachtáil leanúnach an duine den teaghlach. Ní foláir an tacaíocht airgeadais a bheith ar leibhéal a fhágann gur rud neamh-inbhuanaithe í neamhláithreacht an urraitheora ó thír dhúchais an duine den teaghlach.

14.5 Ní foláir iarratais lena mbaineann maíomh cleithiúnais nó imthosca eisceachtúla nó atruacha a mheasúnú i bhfianaise na dtosca iomchuí uile.

Áireofar leo sin daoine eile den teaghlach a bheith ann, go háirithe sa tír thionscnaimh, ar daoine iad a d'fhéadfadh tacaíocht mhalartach a thabhairt don iarratasóir nó ar ceart dóibh tacaíocht mhalartach a thabhairt dó nó di.

14.6 Ní foláir na húdaráis inimirce a bheith deimhin de freisin nár cruthaíodh cleithiúnas teaghlaigh mar mhodh le haghaidh inimirce an duine atá i gceist a éascú.

14.7 Is ceart a thabhairt ar aird freisin nach bhfuil fianaise ar chleithiúnaí a chothabháil i dtír a bhfuil leibhéal ioncaim in aghaidh an duine atá sách íseal aici ina léiriú inti féin ar an acmhainn chun déanamh amhlaidh i gcás go gceadófar don duine sin cónaí in Éirinn, áit a bhfuil na costais i bhfad níos airde.

## 15. Ceanglas incháilitheachta ar Chéile, ar Pháirtnéir Sibhialta nó ar Pháirtnéir De Facto

15.1 Ní foláir don chéile, don pháirtnéir sibhialta nó don pháirtnéir de facto a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad tráth a iarratais nó a hiarratais ar athaontú teaghlaigh. Rinneadh breithniú ar aois íosta níos airde is ionann agus 21 bhliain d'aois a ghlacadh mar mhodh le haghaidh póstaí éigeantais nó cumainn éigeantais a dhíspreagadh i gcás go mbeidh páirtí amháin soghonta mar gheall ar a óige nó a hóige. Cinneadh, áfach, an staid reatha a choinneáil de thuras na huaire, áit a bhfuil an tairseach aoise le haghaidh athaontú teaghlaigh céile mar an gcéanna leis an tairseach aoise atá i bhfeidhm maidir le hincháilitheacht chun pósadh laistigh den Stát[12]. Cé gur féidir ina lán dlínsí pósadh ag aois níos óige agus gur féidir dispeansáid chúirte a fháil in imthosca áirithe laistigh den Stát seo chun an teorainn aoise a chur ar ceal do pháirtí amháin nó don bheirt pháirtithe, níl sé beartaithe leanúint leis sin maidir leis an athaontú teaghlaigh. Coinneofar an teorainn 18 mbliana d'aois ar bun.

15.2 Mar phrionsabal ginearálta is infheidhme maidir leis an gcinnteoireacht ar fad, ní foláir caidrimh phósta nó caidrimh lena mbaineann páirtnéireacht shibhialta a bheith monagamach, ní foláir go ndeachaigh an bheirt pháirtithe isteach iontu go toilteanach, ní foláir go ndearnadh iad go dleathach agus ní foláir iad a bheith aitheanta faoi dhlí na hÉireann. Ní foláir cásanna lena mbaineann caidrimh de facto a bheith eisiach ar feadh fhad iomlán na tréimhse cáiliúcháin atá leagtha amach faoi rannán 15.3 thíos.

15.3 Beidh feidhm ag na tréimhsí caidrimh seo a leanas chun incháilitheacht a shuíomh.

- I gcás pósadh nó páirtnéireacht shibhialta, ní cheanglófar aon tréimhse íosta pósta;

[12] Chuir an Ríocht Aontaithe aois íosta den sórt sin i bhfeidhm ach dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc í i gcás "Quila and others".

- Ní foláir go raibh páirtnéireachtaí de facto (cibé acu páirtnéireachtaí heitrighnéasacha nó páirtnéireachtaí comhghnéis) ann i gcaidreamh atá cosúil le pósadh, lena n-áirítear comhchónaí, ar feadh 2 bhliain roimh an iarratas ar athaontú teaghlaigh.

15.4 Is ceanglas caighdeánach i ngach cás den sórt sin é gealltanas soiléir ón mbeirt pháirtithe go gcónóidh siad le chéile go buan mar fhear céile agus mar bhean chéile, mar pháirtnéirí sibhialta nó mar pháirtnéirí de facto díreach tar éis thoradh an iarratais atá i gceist nó a luaithe is féidir sna himthosca. Beidh dearbhú chuige sin mar chuid den phróiseas iarratais.

15.5 Féadfar cead isteach sa Stát chun dul isteach i bpósadh nó i bpáirtnéireacht shibhialta a thabhairt ar choinníoll go mbeidh an t-oifigeach inimirce nó an t-oifigeach víosaí, de réir mar is cuí, deimhin de nach pósadh áise/páirtnéireacht shibhialta áise an pósadh/an pháirtnéireacht shibhialta. Beidh an cead a dheonófar sna cásanna sin ina chead sealadach, agus ní mhairfidh sé tréimhse is faide ná 6 mhí ar ag a deireadh nach foláir an pósadh/an pháirtnéireacht shibhialta a bheith cláraithe. Aon cheanglais airgeadais nó eile is infheidhme maidir le daoine atá pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, beidh feidhm acu freisin maidir le daoine a bhfuil sé beartaithe acu pósadh.

15.6 Féadfar póstaí trí ionadaí[13] a aithint faoi dhlí na hÉireann. I gcás go mbeidh sé sin amhlaidh, comhlíonfaidh an pósadh ceanglais an bheartais seo. Mar sin féin, bíonn pósadh trí ionadaí mar chúis le hábhair imní bhreise ó thaobh na hinimirce de agus ó thaobh chosaint na bpáirtithe de araon. Déanfaidh na húdaráis inimirce fiosrú ar imthosca an phósta agus ní foláir dóibh a bheith deimhin de gur pósadh fíor é agus go ndeachaigh an bheirt pháirtithe isteach ann go toilteanach agus nach modh é atá dírithe go príomha ar bhuntáiste inimirce a fháil. Ní foláir do na páirtithe a bheith in ann a thaispeáint freisin gur

[13] Cás ina seasann ionadaí ceaptha (ionadaí) isteach do pháirtí sa phósadh ag an searmanas. I gcásanna áirithe, féadfaidh ionadaithe ionadaíocht a dhéanamh don bheirt pháirtithe. Meastar gur conraíodh pósadh den sórt sin sa tír inar tharla an searmanas.

bhuail siad le chéile go pearsanta.

## 16. Ceanglais chónaitheachta ar náisiúnach neamh-LEE chun daoine den teaghlach a urrú

16.1 Roimh an doiciméad beartais seo, ní raibh aon bheartas foriomlán ann maidir le tréimhse chónaitheachta d'urraitheoirí. Maidir leis na socruithe a bhí i bhfeidhm ag an am sin, bhain siad go príomha le daoine a bhí anseo ar chúiseanna eacnamaíocha, áit a raibh an tsaincheist arb éard í daoine den teaghlach do dhul i bpáirt leo arís ina príomhchúinse ina gcinneadh teacht go hÉirinn. Ba iad seo a leanas na socruithe a mhéid a bhain leis an teaghlach núicléach agus le caidrimh de facto:

Athaontú neasteaghlaigh (i.e., leis an bpríomhimirceach)

- Sealbhóirí Cárta Ghlais
- Infheisteoirí
- Fiontraithe
- Sealbhóirí Ceada Gnó
- Taighdeoirí (faoin scéim Aontais Eorpaigh atá á riar ag an bhfoireann Beartais Inimirce i gcomhar le Cumann Ollscoileanna Éireann agus leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta)
- Sealbhóirí Ceada Oibre ó thíortha nach gceanglaítear víosa ina leith
- Mic léinn atá ar chláir scoláireachta (e.g., KASP[14])
- Mic léinn PhD (faoi réir dul chun cinn acadúil a bheith á dhéanamh ag an mac léinn agus faoi réir teorainneacha ama leis an tionscadal taighde)[15].

Tar éis bliana

- Sealbhóirí Ceada Oibre ó thíortha a gceanglaítear víosa ina leith

16.2 Bhí sé cuí athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe thuas agus foráil a dhéanamh freisin maidir le ceanglais chónaitheachta d'urraitheoirí eile. Is ceart a choinneáil i gcuimhne nach bhfuil sna ceanglais chónaitheachta ach ceann amháin de na coinníollacha nach foláir a chomhlíonadh. I bhfocail

[14] Clár Scoláireachta an Rí Abdullah – arna chistiú ag Rialtas na hAraibe Sádaí
[15] Bíonn téarmaí agus coinníollacha maidir le cead mac léinn faoi réir athbhreithniú ó am go ham

eile, ní dhéanann teideal chun daoine den teaghlach a thabhairt isteach teacht go huathoibríoch as tréimhse chónaithe ar leith. Tá feidhm ag coinníollacha eile freisin, agus ag coinníollacha airgeadais go háirithe.

16.3 Maidir leis na socruithe do shealbhóirí ceada oibre atá ar thuarastail ísle agus nach gcáilíonn le haghaidh cárta glas (ar socruithe iad ar cuireadh an Cead Fostaíochta Scileanna Criticiúla ina n-ionad ó shin i leith), measadh gur ghá iad a dhéanamh níos doichte agus a chomhchuibhiú. Ní foláir glacadh leis nach bhfuil an fhostaíocht ná an luach saothair a bhaineann léi chomh slán agus a bhíodh siad le linn an bhorrtha eacnamaíoch. Dá bhrí sin, moltar go mbeadh cumas cruthaithe agus leanúnach ag duine chun ioncam leordhóthanach a thuilleamh chun freastal ar riachtanais cleithiúnaithe. Ag an am céanna, éilíonn leasanna eacnamaíocha na hÉireann go mbeidh ár gcóras inimirce iomaíoch sa dóigh a ndéileálann sé le himircigh ard-oilte a bhfuil tóir orthu agus leo siúd atá sa riocht is fearr chun rannchuidiú le fás eacnamaíoch.

16.4 Dá bhrí sin, is ceart feidhm a bheith ag an socrú seo a leanas maidir le hurraitheoirí nach náisiúnaigh LEE atá ag iarraidh go rachadh daoine dá dteaghlach núicléach nó a bpáirtnéirí de facto i bpáirt leo arís:

<u>Earnáil A (Incháilithe chun urraíocht a dhéanamh ar iarratais ar athaontú teaghlaigh láithreach - lena n-áirítear cead a bheith ag daoine den teaghlach a bheith in éineacht leis an iarratasóir ar a theacht isteach nó a teacht isteach[16])</u>

- Sealbhóirí Ceada Fostaíochta Scileanna Criticiúla
- Infheisteoirí
- Fiontraithe
- Sealbhóirí Ceada Gnó
- Taighdeoirí
- Mic léinn atá ar chlár scoláireachta atá ceadaithe ag Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (e.g., KASP)
- Aistrithe Ionchorparáideacha

[16] Is féidir le tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta in Éirinn iarratas a dhéanamh ar athaontú teaghlaigh ar stádas a fháil de réir an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015. Féach suíomh gréasáin Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann le haghaidh mionsonraí faoin bpróiseas.

- Mic léinn PhD (faoi réir coinníollacha, lena n-áirítear gan a bheith in ann leas a bhaint as íocaíochtaí leasa shóisialaigh)
- Dochtúirí lánaimseartha nach dochtúirí ionaid iad agus atá i bhfostaíocht

Earnáil B (incháilithe chun urraíocht a dhéanamh ar iarratais ar athaontú teaghlaigh tar éis 12 mhí)

- Daoine nach sealbhóirí Ceada Fostaíochta Scileanna Criticiúla
- Gach duine is sealbhóir Stampa 4 nach gcumhdaítear le socruithe níos fabhraí eile
- Ministrí Reiligiúin (tá argóint ann i bhfabhar iad sin a chur in earnáil A ar choinníoll go ndéanann an eaglais iad a chothabháil)

Earnáil C (neamh-incháilithe chun urraíocht a dhéanamh)

- Gach náisiúnach neamh-LEE eile

16.5 Is ceart na ceanglais urraíochta le haghaidh urraíochta do dhaoine seachas daoine den teaghlach núicléach a bheith cothrom le 2 bhliain i gcás earnáil A agus cothrom le 5 bliana i gcás earnáil B. Ní dhéanfaí eisceachtaí ach amháin ar fhorais dhaonnúla.

## 17. Acmhainní airgeadais le haghaidh athaontú teaghlaigh (daoine den teaghlach núicléach agus páirtnéirí de facto)

17.1 Agus an chothromaíocht leasanna dá dtagraítear níos luaithe sa pháipéar seo agus an tosaíocht is ceart do shaoránaigh Éireannacha a bheith acu á léiriú, cuirfear na treoirlínte airgeadais seo a leanas i bhfeidhm maidir le hiarratais ar athaontú teaghlaigh lena mbaineann daoine den neasteaghlach. Ar ndóigh, is ceart a choinneáil i gcuimhne nach bhfuil san acmhainn airgeadais ach ceann amháin de na coinníollacha atá le comhlíonadh chun go dtarlóidh athaontú teaghlaigh.

**I gcás gur Saoránach Éireannach an tUrraitheoir**

17.2 Chun duine den neasteaghlach a urrú, ní ceadmhach do shaoránach Éireannach a bheith ag brath go hiomlán nó go príomha ar shochair ó Stát na hÉireann ar feadh tréimhse leanúnach is mó ná 2 bhliain díreach roimh an iarratas agus ní foláir dó nó di ioncam comhlán carnach **nach lú ná €40,000** os cionn aon sochair Stáit a bheith tuillte aige nó aici thar an tréimhse trí bliana roimh an iarratas.

**I gcás gur Náisiúnach neamh-LEE an tUrraitheoir**

17.3 I gcás urraitheoir neamh-LEE in Earnáil A, féadfaidh sé go dtarlóidh athaontú teaghlaigh sula bhfabhrófar aon tuilleamh agus is leor an stádas inimirce a dheonaítear don urraitheoir chun glacadh le leibhéil áirithe ioncaim (e.g., sealbhóir Ceada Fostaíochta Scileanna Criticiúla nó taighdeoir) láithreach nó sa todhchaí nó tá sé ar an mbonn go dtagann an t-urraitheoir faoi earnáil a gcuirtear a himirce go hÉirinn chun cinn mar chuid de bheartas an Rialtais. Mar sin féin, ní foláir d'urraitheoir leanúint de théarmaí an cheada a chomhlíonadh chun a theideal nó a teideal féin agus teideal an teaghlaigh chun cónaí anseo a choinneáil agus ní foláir don urraitheoir fianaise air sin a sholáthar tráth athnuachan an cheada. I gcás sealbhóirí Ceada Fostaíochta Scileanna Criticiúla agus taighdeoirí, áireofar leis sin na leibhéil tuillimh réamh-mheasta a bhaint amach. I gcás mic léinn PhD, tá teorainneacha ama i bhfeidhm maidir leis an staidéar agus ní foláir dul chun cinn acadúil a léiriú.

Tá sé sin de bhreis ar an gceanglas nach mbeifear in ann leas a bhaint as íocaíochtaí leasa shóisialaigh[17]. Chun críocha inimirce, glactar leis go nglacfar le haon chostais bhreise don Stát, amhail iad siúd a d'fhéadfadh teacht as oideachas mhionaoiseach/mhionaoisigh an urraitheora.

17.4 Ní foláir d'urraitheoirí Earnáil B ioncam comhlán a bheith acu i ngach ceann den 2 bhliain roimhe sin atá níos mó ná an t-ioncam comhlán a n-úsáideann an Roinn Coimirce Sóisialaí é agus incháilitheacht le haghaidh Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh[18] á measúnú aici, agus ní foláir a bheith ag súil go gcoimeádfar an leibhéal ioncaim sin ar bun.

17.5 Féadfar coigilteas dearbhaithe agus fíoraithe an iarratasóra nó an urraitheora a chur san áireamh agus cásanna nach sroicheann na tairseacha ioncaim atá leagtha amach thuas á measúnú. (Cur chuige molta ba ea an coigilteas a bhliantúlú mar ioncam thar thréimhse 5-10 bliain). De rogha air sin, féadfar ioncam ainmniúil a dhéanamh amach bunaithe ar na méideanna atá i gceist.

17.6 Ní bhaineann an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh le cásanna lena mbaineann lánúineacha nach bhfuil aon leanaí acu. Dá bhrí sin, ba é €30,000 an leibhéal íosta ioncaim chomhláin i gcásanna den sórt sin. Is é sin an tuarastal íosta a n-eiseofaí cead fostaíochta ina leith. Bheadh na glanioncaim seo a leanas in aghaidh na seachtaine (bunaithe ar an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh) ag teastáil ó theaghlaigh a bhfuil leanaí acu:-

| | | |
|---|---|---|
| Leanbh amháin | – | €511 |
| Beirt leanaí | - | €612 |
| Triúr leanaí | - | €713 |
| Ceathrar leanaí | - | €834 |
| Cúigear leanaí | - | €960 |

[17] De réir an Chórais Nua do Mhic Léinn Neamh-LEE. Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe sin ó am go ham.

[18] Úsáidfear an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh mar phríomhchritéar agus measúnú á dhéanamh ar cé acu is féidir nó nach féidir le duine den teaghlach dul i bpáirt le hoibrí neamh-LEE sa Stát arís. Ós rud é go bhféadfaidh sé go n-athrófar tairseacha an Fhorlíonta Ioncaim Teaghlaigh, déanfar athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas maidir le hAthaontú Teaghlaigh ina leith sin.

17.7 Mar sin féin, is ar mhaithe le treoirlínte a thabhairt atá na figiúirí seo agus is ionann iad agus ceanglas íosta airgeadais. Mar shampla, d'fhéadfaí cás a chur i láthair ina bhfuil oibrí ar thuarastal imeallach agus ina mbeadh oibleagáid láithreach ar an Stát oideachas a chur ar fáil do roinnt leanaí scoile dá dtabharfaí cead isteach[19]. Ba ghá dliteanas an Stáit ina leith sin a chur san áireamh, fiú i gcás gur chosúil go raibh an teaghlach os cionn na leibhéal airgeadais is infheidhme maidir leis an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh. Beidh lánrogha go pointe éigin ag oifigigh Víosaí/Inimirce sa réimse sin agus i gcásanna ina bhfuil amhras ann maidir le hinbhuanaitheacht an tuillimh.

17.8 Beidh sé de dhualgas ar an iarratasóir na húdaráis inimirce a shásamh maidir leis an leibhéal tuillimh nó acmhainní airgeadais agus aon fhianaise a theastaíonn chun tacú leis sin a sholáthar. Féadfaidh na húdaráis inimirce dul i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim go díreach freisin de réir mar is cuí.

---

[19] Meastar faoi láthair gurb ionann costas bliantúil an oideachais scoile agus thart ar €8,000 in aghaidh an linbh.

## 18 Tuismitheoirí Cleithiúnacha Scothaosta

18.1 Tháinig an tsaincheist arb éard í tuismitheoirí cleithiúnacha scothaosta chun cinn i roinnt cásanna lena mbaineann urraitheoirí Éireannacha agus urraitheoirí nach náisiúnaigh LEE iad araon. Is féidir leis an gcineál sin imirce a bheith thar a bheith fadhbach, áfach, agus tá sé faoi réir srianta suntasacha ina lán dlínsí, agus agaí rífhada feithimh i gceist i gcásanna áirithe. Ar ndóigh, is intuigthe go hiomlán gur mhaith le saoránach Éireannach nó le náisiúnach neamh-LEE atá ina chónaí nó ina cónaí go dleathach sa Stát go mbeadh a thuismitheoir scothaosta nó a tuismitheoir scothaosta ina chónaí nó ina cónaí leis nó léi chun folláine an tuismitheora scothaosta a chinntiú de réir mar a théann sé nó sí in aois agus ar mhaithe le saibhriú ginearálta shaol an teaghlaigh. Ní foláir a aithint freisin, áfach, gurb an-suntasach atá an dliteanas airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ar an Stát as cóireáil liachta a sholáthar, rud a bhféadfadh go n-áireofaí leis cúram i dteach altranais agus seirbhísí eile do dhuine scothaosta nach bhfuil in ann é nó í féin a chothú.

18.2 Go bunúsach, níl Stát na hÉireann in ann freagrachtaí airgeadais den chineál sin a ghlacadh air féin, agus ní ceart a éileamh air déanamh amhlaidh ach oiread. Thairis sin, fiú i gcás go mbeidh an teaghlach in Éirinn toilteanach le glacadh leis an bhfreagracht tosaigh as soláthar a dhéanamh dá ghaol agus go mbeidh sé de rún macánta aige leanúint ar aghaidh ag déanamh amhlaidh, is féidir le himthosca athrú. Má thagann an teaghlach chun bheith neamhábalta glacadh le costais na cothabhála nó chun bheith neamhthoilteanach le déanamh amhlaidh, d'fhéadfadh rogha éagórach a bheith roimh an Stát idir glacadh leis an ualach airgeadais a sheasamh ón sparán poiblí nó iarracht a dhéanamh duine scothaosta nach féidir leis nó léi soláthar a dhéanamh dó nó di féin a ionnarbadh. Ní hé sin le rá gur ceart cosc iomlán a bheith ar aon iarratais den sórt sin ach, ina ionad sin, gur ceart cur chuige an-sriantach a ghlacadh ina leith. Sa deireadh thiar, tugtar faoi eisimirce, lena n-áirítear eisimirce a dtugann Éireannaigh fúithi, gan aon ionchas dlisteanach go rachadh tuismitheoirí i bpáirt leis an eisimirceach arís choíche.

18.3 Tagraíodh ní ba luaithe don tsaincheist arb éard í cleithiúnas, agus beidh feidhm ag na prionsabail sin freisin i gcás gaolta cleithiúnacha scothaosta. Tá

an dualgas cruthúnais maidir le cleithiúnas go hiomlán ar an urraitheoir agus ar an gcleithiúnaí, agus is é diúltú an seasamh réamhshocraithe i gcás imirce den sórt sin, i bhfianaise an riosca airgeadais don Stát. Mar sin féin, ní foláir gach cás a bhreithniú ar a fhiúntas ar leith féin chun a fháil amach an bhfuil imthosca eisceachtúla ann lena n-éileofaí cinneadh dearfach. Ní foláir an dualgas a bheith ar an teaghlach, áfach, a thaispeáint nach bhfuil aon rogha inmharthana eile ann ar na tuismitheoirí a bheith ag teacht go hÉirinn. I ndáiríre, bíonn roghanna eile den sórt sin ar fáil ina lán cásanna, mar shampla i gcás go mbeidh na hacmhainní airgeadais ag an tuismitheoir chun freastal ar a riachtanais agus go mbeidh sé nó sí in ann go fisiciúil maireachtáil go neamhspleách, i gcás go mbeidh daoine eile den teaghlach sa tír agus in ann tacaíocht a sholáthar, nó i gcás go mbeidh an cónaitheoir Éireannach in ann cúram baile a mhaoiniú trí sheoltáin airgid. Ina theannta sin, ní féidir neamhshuim a dhéanamh den rogha atá ag daoine den teaghlach Éire a fhágáil chun cúram a thabhairt dá ngaol cleithiúnach scothaosta sa tír thionscnaimh ar an mbonn nach í an rogha is fearr leis an teaghlach í.

18.4 I bhfianaise an leibhéil riosca, rud nach féidir a mhaolú go hiomlán trí ghealltanais tacaíochta airgeadais ó dhaoine den teaghlach, ní foláir na tairseacha airgeadais le haghaidh tuillimh chun tacú le gaol cleithiúnach scothaosta a bheith ard go leor chun an costas intuartha a sheasamh. Dá bhrí sin, beidh ar urraitheoir le gaol cleithiúnach scothaosta ioncam tar éis cánach agus asbhaintí nach lú ná €60,000 i gcás go mbeidh tuismitheoir amháin i gceist, agus ioncam tar éis cánach agus asbhaintí nach lú ná €75,000 i gcás go mbeidh beirt tuismitheoirí i gceist, a bheith tuillte aige nó aici in Éirinn i ngach ceann de na 3 bliana roimh an iarratas. I gcás go mbeidh ioncam ráthaithe ag an ngaol cleithiúnach scothaosta as seo amach, is féidir é sin a úsáid chun na teorainneacha airgeadais a fhritháireamh go páirteach (á chur i gcuimhne, áfach, nach féidir duine a bhfuil ioncam pearsanta is leor chun freastal ar a riachtanais aige nó aici a mheas go réasúnach mar dhuine atá cleithiúnach ó thaobh airgeadais de).

18.5 Is ceart na coinníollacha seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le himirce den chineál sin má cheadaítear í.

- Ní foláir do ghaolta cleithiúnacha scothaosta a bheith clúdaithe ag árachas liachta príobháideach[20] ag leibhéal phlean D de chuid VHI nó os a chionn nó ag a chomhionann;
- Beidh ar an urraitheoir gealltanas dlíthiúil a shíniú á rá go nglacfaidh sé nó sí freagracht airgeadais phearsanta iomlán as an ngaol cleithiúnach scothaosta agus go n-aisíocfaidh sé nó sí aon chistí Stáit a mbainfidh an gaol leas astu. Tá an fhéidearthacht ann fós go gceanglófaí ar an teaghlach banna airgeadais a bhunú chun na críche sin;
- Beidh ar an urraitheoir soláthar mionsonraithe a dhéanamh do chóiríocht an ghaoil chleithiúnaigh scothaosta.

18.6 Measfar an cead a dheonófar a bheith sealadach ach féadfar é a athnuachan ar bhonn bliantúil ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha. Is é Stampa 0 an stampa inimirce is infheidhme. Ní bheadh an earnáil sin ináirithe le haghaidh cónaí fadtéarmach ná le haghaidh eadóirseachta. Beidh reachtaíocht ag teastáil sa deireadh chun cónaí den sórt sin a eisiamh go follasach ó ináiritheacht ach is féidir an t-eisiamh sin a chur chun feidhme ó thaobh riaracháin de idir an dá linn i bhfianaise lánrogha an Aire maidir le hiarratais ar eadóirseacht a chinneadh. Go bunúsach, bheadh daoine a fhaigheann cead faoi Stampa 0 ar an eolas go hiomlán nach bhfuil ionchas ann go dtiocfaidh saoránacht as.

18.7 Ní féidir iarratais ar athaontú teaghlaigh i gcásanna lena mbaineann cleithiúnaithe scothaosta a dhéanamh ach amháin ó áit lasmuigh den Stát, agus beidh siad faoi réir nós imeachta réamh-imréitigh agus táille iarratais. Ní ghlacfar le hiarratais i leith duine a tháinig chuig an Stát ar víosa cuairteora agus a iarrann cead fanachta ina dhiaidh sin. Tá sé sin amhlaidh chun cainéil inimirce leithleacha a choinneáil dóibh siúd atá ag iarraidh cónaí in Éirinn agus dóibh siúd ar mian leo teacht go hÉirinn ar chuairt fhada ach nach bhfuil de rún acu cónaí in Éirinn. Dá gceadófaí iarratais ar chónaí ó áit laistigh den Stát, ba chinnte go mbeadh an próiseas víosa cuairteora níos sriantaí agus, go deimhin, bhainfí an bonn den bhealach víosa cuairte, rud a dhéanfadh

[20] Leanfaidh an ceanglas sin d'fheidhm a bheith aige beag beann ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh duine incháilithe le haghaidh seirbhísí sláinte Státchistithe.

dochar sa deireadh dóibh siúd nach bhfuil uathu ach cuairt a thabhairt ar dhaoine dá dteaghlach.

18.8 Ní ghlacfar le hiarratais lena mbaineann gaolta cleithiúnacha scothaosta seachas tuismitheoirí ach amháin in imthosca fíor-eisceachtúla, fiú i gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha airgeadais agus eile go léir. Sa ghnáthchúrsa, ní bhíonn éilimh na ndaoine sin ar theacht go hÉirinn inbhuanaithe agus laghdaíonn aon éileamh a d'fhéadfadh a bheith acu ar chinneadh dearfach de réir mar a théann an caidreamh atá acu leis an urraitheoir níos faide i gcéin.

## 19 Leanaí is Saoránaigh Éireannacha – Iarratais ar Imirce Tuismitheora

19.1 An gnáthchás maidir le hiarratas ar athaontú teaghlaigh is ea cás ina n-iarrann duine amháin a bhfuil "tionacht" aige nó aici (mar shaoránach nó mar chónaitheoir) ag iarraidh duine den teaghlach a urrú. Mar sin féin, beidh cásanna ann ina n-iarrfaidh tuismitheoir cónaí in Éirinn ar bhonn a linbh (mhionaoisigh) a bheith ina shaoránach nó ina saoránach. Sna himthosca sin, ní féidir a rá go bhfuil an leanbh ag urrú an tuismitheora. Is é bunús an iarratais i gcásanna den sórt sin go bhfuil láithreacht agus cónaí an tuismitheora in Éirinn riachtanach le haghaidh tacaíocht airgeadais agus mhothúchánach a thabhairt don leanbh. Ní thagann cásanna den sórt sin go docht faoin earnáil arb éard í athaontú teaghlaigh nó socrú teaghlaigh. Is gá tagairt a dhéanamh dóibh sa doiciméad seo ar mhaithe le críochnúlacht, áfach.

19.2 Is léir nach ionann gach cás ar leith, agus ní foláir gach ceann díobh a bhreithniú i bhfianaise na n-imthosca fíorasacha. De bhreis ar na cearta teaghlaigh faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus faoi Bhunreacht na hÉireann, tá cearta áirithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena dtabhairt do shaoránaigh Aontais Eorpaigh freisin. I mbreithiúnas na Cúirte i gcás Zambrano, arna mhionchoigeartú i gcásanna ina dhiaidh sin[21], rinneadh foráil maidir le ceart díorthaithe cónaithe do thuismitheoirí an linbh is saoránach Aontais Eorpaigh i gcás go gcaillfeadh an leanbh éifeacht úsáideach a shaoránachta nó a saoránachta den Aontas Eorpach dá gcuirfí iallach air nó uirthi, mar mhionaoiseach, an tAontas a fhágáil lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí. Cé gur rud níos teoranta agus níos spleáiche ar imthosca i ndáiríre ná mar a thuigtear in amanna é cur i bhfeidhm an bhreithiúnais i gcás Zambrano, tá an breithiúnas ina phríomhchúinse in aon chás atá le measúnú.

19.3 Ina lán cásanna lena mbaineann leanbh is saoránach Éireannach, ní thagann aon "saincheisteanna Zambrano" chun cinn toisc nach bhfuil an leanbh i mbaol a bhainte nó a bainte den tír (ionnarbadh inchiallaithe go bunúsach), mar shampla i gcás go mbeidh duine de na tuismitheoirí ina náisiúnach

[21] E.g., McCarthy v Secretary of State (C-439/09), Dereci & Others (C-156/11)

Éireannach nó ina dhuine eile nó ina duine eile nach bhfuil a cheart cónaithe nó a ceart cónaithe in amhras. Dá ainneoin sin, agus cé nach féidir a bheith saintreorach sula mbreithneofar imthosca an cháis, tá sé beartaithe, mar ní beartais ghinearálta, cead inimirce a dheonú i gcás gur féidir leis an tuismitheoir a léiriú go bhfuil páirt ghníomhach agus leanúnach aige nó aici i saol an linbh, agus tacaíocht mhothúchánach agus/nó airgeadais iarbhír á tabhairt aige nó aici don leanbh. Ar ndóigh, ba ghá aird á tabhairt ar aon saincheisteanna a bhaineann le hiompar an iarratasóra (lena n-áirítear coiriúlacht, agus foréigean baile, etc.). Ina theannta sin, bhainfeadh na tosca atá leagtha amach i Rannán 6 den doiciméad seo le hábhar in aon chinneadh freisin.

19.4 I gcás gur rugadh an leanbh in Éirinn ach nach bhfuil sé nó sí i dteideal saoránachta, ní bheidh feidhm ag forálacha dhlí an Aontais Eorpaigh arna dteacht chun cinn i gcás Zambrano agus i gcásanna níos déanaí, agus ní féidir leis an aosach iarratas ar chónaí a bhunú ar áit bhreithe an linbh.

19.5 Aicme cáis ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn is ea cás ina bhfuil leanbh mionaoiseach amháin is saoránach Éireannach i dteaghlach atá ina chónaí thar lear (is é is dóichí gurb í an áit sin tír bhreithe fhormhór na ndaoine den teaghlach). Is léir go bhfuil sé de cheart ag an leanbh is saoránach Éireannach chun cónaí sa Stát. Níl an ceart céanna ag na tuismitheoirí agus ní féidir leo cearta pearsanta chun cónaithe a éileamh de thoradh tuismitheoireachta agus dá toradh sin amháin. Is iad cearta an linbh an ní atá i gceist, agus breithnítear cónaí na dtuismitheoirí faoi threoir an mhéid a rannchuideodh a láithreacht sa Stát leis an dóigh a bhfeidhmeodh an leanbh a chearta nó a cearta mar shaoránach. Dá bhrí sin, ba é a bheadh i gcineál an iarratais sa chás sin ná iarratas ar chead isteach in Éirinn do thuismitheoir amháin nó níos mó i gcuideachta a linbh mhionaoisigh (nó i gcuideachta linbh níos sine atá ag fulaingt ó mhíchumas meabhrach nó fisiciúil a fhágann nach féidir leis nó léi maireachtáil go neamhspleách).

19.6 Ní foláir glacadh leis, chun a cheart nó a ceart chun cónaí sa Stát a fheidhmiú, nach foláir don leanbh a bheith faoi chúram aosaigh fhreagraigh ach ní gá go mbeidh tionchar aige sin ann féin ar aon chinneadh ar iarratas inimirce na dtuismitheoirí nó, go deimhin, ar aon chinneadh ar iarratas inimirce

aon deartháireacha nó aon deirfiúracha. Is gá gach cás a bhreithniú ar a fhiúntas féin, agus an staid teaghlaigh agus comhdhéanamh an aonaid teaghlaigh á gcur san áireamh. I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh caidreamh comhchónaithe leanúnach ann idir na tuismitheoirí atá ag tabhairt comhchúram don leanbh. I gcásanna eile, d'fhéadfadh an t-aonad teaghlaigh a bheith bunaithe ar thuismitheoir amháin, agus tuismitheoir eile an linbh scartha ón tuismitheoir eile nó i gcaidreamh nua. Maidir le sraith iarratas nasctha atá ag iarraidh an bheirt tuismitheoirí agus na deartháireacha agus na deirfiúracha go léir a thabhairt go hÉirinn ar bhonn na saoránachta atá ag mionaoiseach aonair, d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfadh sé sin dul thar a bhfuil réasúnach, go háirithe dá mbeadh ar an Stát tacaíocht airgeadais a sholáthar don teaghlach.

## 20 Iarratais iolracha ar athaontú céile/polagamas

20.1 Urraitheoir a dtéann céile/páirtnéir i bpáirt leis nó léi arís in Éirinn, is amhlaidh, i gcás fhoirceannadh an phósta nó na páirtnéireachta sibhialta (trí cholscaradh nó trí chealú an phósta nó na páirtnéireachta sibhialta), nach mbeidh sé nó sí incháilithe le haghaidh céile eile nó páirtnéir eile do dhul i bpáirt leis nó léi arís go dtí go mbeidh 7 mbliana ar a laghad imithe thart ó dháta an chéad cheada céile. Cuirfear an tréimhse feithimh 7 mbliana sin i bhfeidhm freisin i gcás gur tugadh cead don urraitheoir féin cónaí in Éirinn mar chéile neamh-LEE/páirtnéir neamh-LEE le náisiúnach Aontais Eorpaigh atá ag feidhmiú a cheart nó a ceart chun saorghluaiseachta. I gcás go mbeidh forais réasúnacha ann lena thabhairt le fios gur pósadh áise nó páirtnéireacht áise a bhí sa phósadh nó sa pháirtnéireacht roimhe, féadfar ceadanna breise a dhiúltú, fiú i gcás gur mó na tréimhsí ná na tréimhsí atá leagtha amach thuas.

20.2 Tiocfaidh cásanna chun cinn ina bhfanfaidh urraitheoir ionchasach pósta go dleathach le duine amháin agus é nó í i gcaidreamh de facto le duine eile. Go ginearálta, bheifí ag súil go mbeadh colscaradh faighte ag na páirtithe, ach ní bhíonn sé sin indéanta i gcónaí ar chúiseanna éagsúla. Cé gur gá imthosca gach cáis a scrúdú ar a bhfiúntas féin, moltar mar riail ghinearálta go mbeadh feidhm ag an teorainn ama 7 mbliana atá leagtha amach thuas sna cásanna sin freisin. Ina theannta sin, cheanglófaí ar an urraitheoir fianaise dhoiciméadach a sholáthar ar scaradh dlíthiúil. Ní ó thús an chaidrimh nua a thosódh an tréimhse cáiliúcháin don pháirtí de facto ach, ina ionad sin, thosódh sí ó dháta na fianaise ar scaradh.

20.3 Ní aithnítear pósadh polagamach i ndlí na hÉireann agus, go deimhin, gabhann deacrachtaí le pósadh a d'fhéadfadh a bheith polagamach. Dá bhrí sin, diúltófar iarratas ar athaontú teaghlaigh céile lena mbaineann urraitheoir atá pósta go polagamach (faoi dhlíthe stáit eile, cé nach n-aithnítear an cumann in Éirinn). I gcás go mbeidh urraitheoir pósta le duine amháin ach go bhféadfadh an pósadh a bheith polagamach i bhfianaise an chumais chun pósadh ina dhiaidh sin a chonrú, féadfar an t-iarratas céile a cheadú ach beidh sé faoi réir an choinníll nach mbeidh aon aitheantas chun críocha inimirce ag aon phósadh ina dhiaidh sin a chonrófar fad atá an

chéad chumann ar siúl, fiú i gcás go bhfaighidh an t-urraitheoir colscaradh ina dhiaidh sin ón gcéile níos luaithe.

20.4 Ní foláir gach pósadh a bheith conraithe go dleathach, ní foláir go ndeachthas isteach iontu go toilteanach, agus ní foláir go raibh an bheirt pháirtithe in ann pósadh ar dháta an phósta. Ní foláir an pósadh a bheith in ann freisin aitheantas a fháil faoi dhlí na hÉireann chun críocha eile lasmuigh den chóras inimirce.

## 21 An Próiseas Cinnteoireachta

21.1 Is ceart déileáil le hiarratais ar athaontú teaghlaigh do dhaoine den neasteaghlach in Earnáil A de Rannán 16 den doiciméad seo agus do Shaoránaigh Éireannacha (ag glacadh leis go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fad curtha isteach) laistigh de 6 mhí ón iarratas a dhéanamh. Beidh sprioc 12 mhí i bhfeidhm i gcásanna eile. Ní foláir a chur in iúl go soiléir, áfach, gur spriocanna gnó don tseirbhís inimirce iad sin. Dá réir sin, ní hionann iad agus oibleagáidí dlíthiúla ar aon bhealach ná ní thugann siad le fios go ndéanfar aon chás nach mbeidh curtha i gcrích laistigh den tréimhse ama a réiteach i bhfabhar an iarratasóra cheal cinneadh.

21.2 Tá sé de dhualgas ar an iarratasóir agus ar an urraitheoir a bheith trédhearcach go hiomlán agus caidreamh a dhéanamh leis na seirbhísí inimirce maidir le haon cheisteanna arna dtarraingt anuas maidir lena n-iarratas.

21.3 In aon chinneadh a dhéantar chun iarratas a dhiúltú, tabharfar cúiseanna leis. Is féidir go n-áireofar leo sin, inter alia, ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- Diúltaithe ar fhorais beartais phoiblí, slándála poiblí nó sláinte poiblí;
- Diúltaithe ar chritéir airgeadais (lena n-áirítear mainneachtain na leibhéil ioncaim shonraithe a chomhlíonadh nó éiginnteacht maidir le hioncam amach anseo);
- Diúltaithe ar fhorais gur féidir nár comhlíonadh aon ghealltanais a rinne an t-iarratasóir nó an t-urraitheoir;
- Diúltaithe ar bhonn na staire inimirce roimhe seo a bhí ag an iarratasóir nó ag an urraitheoir i gcás go measfar ar fhorais réasúnacha go bhfuil sé sin ábhartha;
- Diúltaithe mar gheall ar fhaisnéis neamhleor nó neamh-chomhsheasmhach;
- Diúltaithe mar gheall ar dhoiciméid bhréagacha nó ar mheabhlaireacht (féach freisin Rannán 25 den doiciméad seo);

- Diúltaithe mar gheall ar mhainneachtain a shuíomh an bhfuil imthosca speisialta ann lena n-éileofaí eisceacht;
- Diúltaithe mar gheall ar mhainneachtain a shuíomh an bhfuil caidreamh ann agus ar mhainneachtain seasmhacht nó gaireacht an chaidrimh a shuíomh (d'fhéadfadh feidhm a bheith ag an gcoinníoll sin freisin i gcás gur scar an teaghlach óna chéile go toilteanach);
- Diúltaithe i gcás gurb amhlaidh, i dtuairim Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann, gur conraíodh an pósadh, an pháirtnéireacht nó an uchtáil chun cabhrú leis an duine den teaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann agus chun na críche sin amháin.

21.4 I gcás go ndiúltófar iarratas, féadfaidh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann. Ní foláir an t-achomharc a bheith i scríbhinn agus ní foláir é a bheith faighte ag Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann laistigh de dhá mhí féilire ón dáta a eisíonn Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann an cinneadh. Ní bheidh aon fhoirm iarratais ann chuige sin. Féadfaidh an t-urraitheoir nó ionadaí dlíthiúil an urraitheora an t-achomharc a chur faoi bhráid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann. Féadfar tacú leis an achomharc trí fhianaise dhoiciméadach nó trí ráitis, etc., atá de bhreis ar na doiciméid a cuireadh isteach i dteannta an iarratais roimhe sin, agus is é freagracht an urraitheora agus/nó an duine den teaghlach/na ndaoine den teaghlach agus/nó an ionadaí dhlíthiúil cibé doiciméid a mheasann siad a bheith cuí chun tacú leis an achomharc a shainaithint agus a chur isteach.

21.5 Breithneoidh oifigeach difriúil aon achomharc agus, i gcás gur féidir, is é oifigeach atá níos sinsearaí ná an cinnteoir bunaidh a bheidh san oifigeach sin. In imthosca nach bhfuil sé sin indéanta, féadfaidh siad a bheith den ghrád céanna leis an gcinnteoir bunaidh. Féadfaidh an t-oifigeach a dhéanfaidh cinneadh ar an achomharc:

(i) an cinneadh a dhaingniú, nó

(ii) an cinneadh a dhaingniú agus coinníollacha nó

coinníollacha leasaithe a fhorchur, nó

(iii) an cinneadh a chur ar ceal agus a chinneadh nó a cinneadh féin ar an iarratas a chur ina ionad.

21.6 Déanfar an t-iarratas agus aon achomharc a bhreithniú laistigh de pharaiméadair an tacair beartas atá leagtha amach san oifig seo agus ar aon dul le haon treoirlínte oibriúcháin níos mine a d'fhéadfaí a fhorbairt. Féadfaidh an t-oifigeach achomhairc fiosruithe breise a dhéanamh ar aon ghné den iarratas agus féadfaidh aon chinneadh chun an t-achomharc a dhiúltú a bheith bunaithe ar na forais bhunaidh leis an diúltú nó ar aon fhorais nua a measann sé nó sí go bhfuil údar maith leo. Tabharfar deis d'iarratasóirí, áfach, aghaidh a thabhairt ar aon fhorais nua le diúltú sula ndéanfar aon chinneadh críochnaitheach.

21.7 Rinneadh foráil maidir le córas achomharc reachtúil a bhunú leis an mBille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010. Tugadh roinnt gnéithe den Bhille sin ar aghaidh ó shin i leith leis an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015. Leis an gClár do Rialtas Comhpháirtíochta (2016), déantar foráil maidir le Bille cuimsitheach um Athchóiriú Inimirce agus Cónaitheachta a thabhairt isteach, ar Bille é a bheidh dírithe ar chóras víosaí agus córas cónaitheachta na hÉireann a nuachóiriú.

## 22 Coinníollacha agus Teidil

22.1 Beidh sé de cheart ag daoine den neasteaghlach le saoránaigh Éireannacha ar deonaíodh stádas inimirce dóibh tríd an bpróiseas athaontaithe teaghlaigh obair gan ceadanna fostaíochta agus gnó a bhunú nó a bhainistiú/a oibriú sa Stát. Is ceart go bhfaigheadh siad cead inimirce Stampa 4.

22.2 Ní dhéantar foráil leis an Acht Inimirce, 2004, maidir le clárú leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois, cé go bhfuil sé beartaithe an srian sin a dhíothú. Idir an dá linn, áfach, moltar anois, mar chuid den bheartas maidir le hathaontú teaghlaigh, foráil a dhéanamh maidir le cead sonrach inimirce do leanaí den sórt sin ar bhonn riaracháin. Leis sin, cuirfear ar chumas na leanaí a stair chónaithe phearsanta a bhunú tráth níos luaithe.

22.3 Maidir le daoine den neasteaghlach le hurraitheoirí neamh-LEE nó maidir le daoine nach daoine den neasteaghlach le saoránaigh Éireannacha, leanfaidh siad de bheith faoi réir na gceanglas ceada fostaíochta a bhfeidhmíonn an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta iad má dheonaítear cead inimirce dóibh. Beidh siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar stádas inimirce as a gceart féin faoi na cainéil éagsúla atá ar fáil (cead mac léinn, cead oibre, cead gnó, etc.)

## 23 Athrú ar Imthosca/Coinneáil Stádais

23.1 Beidh cead inimirce a dheonófar chun críocha athaontú teaghlaigh ag brath ar stádas cónaithe leantach an urraitheora. I gcásanna ina bhfágann an t-urraitheoir an tír, bheifí ag súil, sa ghnáthchúrsa, go bhfágfadh na daoine den teaghlach atá in éineacht leis an urraitheoir an tír freisin.

23.2 I gcás bhás an urraitheora, i gcás imeacht an urraitheora ón Stát, agus i gcás colscaradh nó neamhniú páirtnéireachta sibhialta, ní foláir don duine den teaghlach fógra a thabhairt do na húdaráis inimirce agus féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann ar athrú stádais. Faoi láthair, éascaíonn Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann an deis iarratas a dhéanamh ar athrú stádais ar bhonn cás ar chás. Braithfidh an "stádas athraithe" a fhéadfar a dheonú don duine den teaghlach ar staid nua an duine sin den teaghlach (e.g., an bhfuil sé nó sí ag obair, an bhfuil sé nó sí ag déanamh staidéir, an bhfuil sé nó sí cleithiúnach ar chónaitheoir eile, etc.) agus ar imthosca an athraithe.

23.3 Áireofar iad seo a leanas le nithe eile a bhreithneofar i leith an iarratais ar athrú stádais:

- Stádas inimirce an urraitheora (mura saoránach é nó í);
- an méid ama atá an t-urraitheoir ag cónaí in Éirinn;
- cuspóir a fhanachta nó a fanachta;
- comhlíonadh coinníollacha inimirce roimhe seo;
- iompar;
- Tréimhse an phósta/na páirtnéireachta sibhialta nó an chaidrimh de facto;
- Aon leanaí de chuid an chaidrimh;
- aon ní iomchuí eile.

23.4 I gcás go bhfaighidh an t-urraitheoir bás, breithneofar imthosca an cháis ar a fhiúntas, agus na tosca atá leagtha amach sa mhír roimhe seo á gcur san áireamh, ach ghlacfaí dearcadh báúil. Mar threoirlíne, is ceart cead inimirce a dheonú as a cheart nó a ceart féin do dhuine a bhí ina chónaí nó ina cónaí anseo ar feadh dhá bhliain roimh bhás an urraitheora. I gcás go mbeidh an tréimhse cónaithe roimh bhás níos giorra ná sin, is ceart faduithe ama agus

dóthain ama a cheadú don duine lena mbaineann chun socruithe a dhéanamh chun filleadh ar a thír dhúchais nó a tír dhúchais nó ar a thír thionscnaimh nó a tír thionscnaimh nó, de rogha air sin, chun fostaíocht a lorg in Éirinn mar bhealach chun fanacht.

23.5 I gcás colscaradh, cealú páirtnéireachta sibhialta nó idirscaradh dlíthiúil, ba cheanglas ginearálta maidir le hiarratas ar stádas inimirce a choinneáil ná go mbeadh na páirtithe pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta ar feadh 3 bliana ar a laghad roimhe sin agus go mbeadh an 2 bhliain dheireanacha ar a laghad caite acu ina gcónaí in Éirinn.

23.6 I gcásanna inar fhulaing náisiúnach eachtrach a bhfaigheann a stádas inimirce ó stádas a chéile nó a céile, ó stádas a pháirtnéara nó a páirtnéara nó ó stádas duine eile foréigean baile ón duine sin, tá próiseas i bhfeidhm cheana féin i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chun ligean don íospartach iarratas a dhéanamh ar stádas inimirce as a cheart nó a ceart féin, agus a imthosca nó a himthosca á leagan amach aige nó aici. Tá roinnt daoine tar éis iarratais a dhéanamh tríd an bpróiseas sin cheana féin agus tá stádas inimirce faighte acu atá neamhspleách ar stádas inimirce dhéantóir an fhoréigin baile. Leanfar den phróiseas sin a úsáid, agus tá sé tábhachtach aird a tharraingt air sin sa doiciméad seo. Tá treoirlínte maidir leis an bpróiseas sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann[22].

23.7 I gcás nach mbeidh aon athrú tagtha ar imthosca, féadfaidh daoine den teaghlach iarratas a dhéanamh fós ar chead inimirce neamhspleách tar éis dóibh cónaí go dleathach sa Stát ar feadh 5 bliana ar a laghad. Tá sé sin réasúnach i bhfianaise na gcritéar incháilitheachta reatha le haghaidh eadóirseachta.

---

[22] http://www.inis.gov.ie/en/INIS/Victims%20Of%20Domestic%20Violence%20-%20Note%20for%20Web.pdf/Files/Victims%20Of%20Domestic%20Violence%20-%20Note%20for%20Web.pdf

Is ceart cead cónaithe fhadtéarmaigh a cheadú go forleathan, áfach, ós rud é nach mian le gach náisiúnach eachtrach saoránacht Éireannach a fháil. Meastar gur róshriantach atá na socruithe reatha maidir le cónaí fadtéarmach, áit arb eisiata atá roinnt aicmí d'fhíorchónaitheoirí fadtéarmacha. Tá aghaidh á tabhairt air sin ar leithligh ón bpáipéar seo.

23.8 Beidh sé indéanta ag daoine ar diúltaíodh athrú stádais nó cead neamhspleách dóibh achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh.

## 24 Forálacha Ginearálta

**Calaois agus Mí-Úsáid Ceart**

24.1 Aon teideal chun cónaithe a fhaightear trí athaontú teaghlaigh a fhaightear mar thoradh ar chalaois, ar fhaisnéis bhréagach, ar mhífhaisnéis, nó ar mhí-úsáid ceart (lena n-áirítear trí bhíthin pósadh áise), forghéillfear é agus ní fhéadfar aon tairbhe inimirce a fhabhrú ó am a chaitear in Éirinn ar an mbonn sin.

24.2 I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag na hÚdaráis Inimirce lena chreidiúint go bhfuarthas sochar inimirce sna himthosca atá tuairiscithe sa mhír roimhe seo, is féidir an t-iarratas a athoscailt agus fiosruithe cuí a dhéanamh. Féadfar tátal diúltach a bhaint as aon diúltú comhoibriú le fiosruithe den sórt sin.

24.3 I gcás go ndéanfar iarratas ar bhonn calaoiseach, féadfaidh na húdaráis inimirce diúltú glacadh le hiarratais bhreise ón duine lena mbaineann ar feadh tréimhse shonraithe.

**Stádas Cuairteora Fhadaithe**

24.4 Tá teorainn 90 lá le fanacht cuairteora in Éirinn. Más mian le cuairteoir fanacht ar feadh tréimhse is faide ná sin agus má cheadaítear dó nó di déanamh amhlaidh, ní foláir dó nó di clárú le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Tagann sé sin chun bheith ina chineál cónaithe shealadaigh. D'fhéadfadh an cás sin teacht chun cinn i gcásanna teaghlaigh inar mian le tuismitheoir roinnt míonna a chaitheamh anseo (mar shampla, tar éis breith garlinbh). Déanfar breithniú ar chineál stádais inimirce a bhunú ar dá bharr a bheadh sé níos fusa do chuairteoirí fadú a bhfanachta a fháil (mar shampla, fadú go 180 lá), gan cearta cónaitheachta ná aon ionchas ina leith a bhronnadh ag an am céanna. Ba é a bheadh sa stádas ná stádas cuairteora fhadaithe, agus ní bheadh aon teidil ag an sealbhóir chun seirbhísí Stáit a rochtain, beag beann ar fhad a fhanachta nó a fanachta. Ní bhreithneofar aon iarratas ina dhiaidh sin ar athaontú teaghlaigh (i bhfoirm socrú in Éirinn) ach amháin tar éis don duine filleadh abhaile, seachas in imthosca eisceachtúla. Is féidir go mbeadh gá le hathrú reachtaíochta chun freastal ar

an gcineál sin stádais.

## 25 Cur Chun Feidhme

25.1 Léirítear sna hathruithe beartais seo treo ginearálta chur chuige an Rialtais maidir le hathaontú teaghlaigh. Forlíonfar iad le treoirlínte níos mine i réimsí áirithe, agus beidh siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann de réir mar a fhorbrófar iad.

25.2 Beidh feidhm ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh ag na critéir shonracha atá leagtha amach sa doiciméad, arna athbhreithniú i mí na Nollag 2016. Déileálfar le hiarratais atá ar láimh ar dháta an fhoilsithe de réir an bheartais reatha mura bhfuil na treoirlínte nua níos fabhraí agus sa chás sin cuirfear i bhfeidhm iad.

25.3 Maidir le hathruithe eagraíochtúla eile, amhail próiseas ginearálta réamh-imréitigh a bhunú, cuirfear chun feidhme iad le himeacht ama. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le haon athruithe maidir le stádas inimirce a dheonú do leanaí as a gceart féin. Déanfar é sin de réir a chéile agus ní thosófar air láithreach. Foilseofar tuilleadh mionsonraí faoin sceideal cur chun feidhme sa réimse sin ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann le himeacht ama.

## Aguisín A

## Treoirlínte maidir le sampláil DNA chun críocha an Athaontaithe Teaghlaigh

1. Féadfaidh Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann nó an t-iarratasóir a mholadh go soláthrófaí fianaise DNA mar thaca le hiarratas ar athaontú teaghlaigh.

2. Ní ceanglas éigeantach ar iarratas a bheidh i bhfianaise DNA a sholáthar.

3. Mura soláthraítear fianaise DNA, déanfar cinneadh ar bhonn fianaise eile ar thuismitheoireacht arna soláthar.

4. Ní bhainfear aon tátal diúltach as an bhfíoras nach mian leis an iarratasóir tástáil DNA a dhéanamh.

5. Glacfaidh Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann le toradh deimhneach DNA mar chruthúnas ar thuismitheoireacht nádúrtha, áfach. Ba ghá é sin a mheasúnú i gcoinne cheist na tuismitheoireachta dlíthiúla, áfach.

6. Is iad na hiarratasóirí, i bhformhór na gcásanna, a bheidh freagrach as costas na tástála DNA.

7. Ní foláir do chuideachtaí tástála agus d'údaráis tástála, agus do dhaoine a dhéanann maoirseacht ar thástáil samplaí agus ar dheonú samplaí, a bheith ceadaithe roimh ré ag Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann, ach beidh siad neamhspleách go hiomlán agus an tástáil á déanamh acu.

**Aguisín B**

**Treoirlínte maidir le Toiliú Tuismitheora i gcásanna lena mbaineann Athaontú Teaghlaigh**

Chun a chinntiú nach féidir socruithe athaontaithe teaghlaigh a úsáid mar mhodh le haghaidh fuadach leanaí a éascú (lena n-áirítear i gcásanna ina ndéanann tuismitheoir amháin iarracht an leanbh a bhaint as coimeád dleathach an tuismitheora eile), ní foláir a shuíomh go soiléir go dtoilíonn an bheirt tuismitheoirí le gluaiseacht a linbh.

Ina lán cásanna, is dóigh go mbeidh an bheirt tuismitheoirí ag iarraidh an leanbh a bheith leosan mar chuid den aonad teaghlaigh. Mar sin féin, i gcás go mbeidh na tuismitheoirí colscartha nó scartha nó nach mbeidh aon chaidreamh acu mar lánúin agus i gcás go mbeidh tuismitheoir amháin ag iarraidh an leanbh a thabhairt go hÉirinn mar chuid d'aonad teaghlaigh, ní foláir toiliú an tuismitheora eile a fháil agus a sholáthar mar thaca leis an iarratas ar athaontú teaghlaigh.

I gcás go mbeidh toiliú ag teastáil, ní foláir litir thoilithe bhunaidh shínithe a sholáthar, agus pas nó cárta aitheantais an duine lena mbaineann mar thaca léi, chun an síniú a fhíorú.

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann, áfach, ina bhfuil amhras ann go pointe éigin faoi fhírinneacht na doiciméadachta. I gcásanna den sórt sin, féadfar a cheangal go ndéanfadh an tuismitheoir eile é nó í féin a chur i láthair ag oifig víosaí na hÉireann nó ag ambasáid/consalacht na hÉireann chun a thoiliú nó a toiliú a dheimhniú go pearsanta.
I gcás go mbeidh an leanbh ag teacht ó thír nach bhfuil aon ionadaíocht Éireannach inti, is ceart a cheangal go ndéanfadh na tuismitheoirí iad féin a chur i láthair aireacht gnóthaí eachtracha a dtíre féin chun fíorú an toilithe a iarraidh.

I gcás nach mbeidh toiliú an tuismitheora eile ag teastáil ar cheann ar bith de na cúiseanna seo a leanas:

- Bás aon tuismitheora amháin;
- Éagumas meabhrach;
- Céannacht athair an linbh a bheith anaithnid;
- Coimeád aonair a bheith deonaithe do thuismitheoir amháin gan aon chearta cuairte a bheith ag an tuismitheoir eile.

Ní foláir doiciméadacht oifigiúil fhíoraithe a sholáthar chun tacú le comhlíonadh an cheanglais maidir le toiliú den sórt sin.